



ombudsman
do leanaí
for children



Tuarascáil Bhliantúil 2016



Clár Ábhair

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí, Dr Niall Muldoon	1
Caibidil 1 Spléachadh ar 2016	7
Caibidil 2 Oifig an Ombudsman do Leanaí: cé muid agus an obair a bhíonn ar siúl againn	11
Caibidil 3 Gearáin agus Imscrúduithe	15
Tábla 1: Líon na ngearán nua 2010-2016	20
Léarscáil 1: Gearáin de réir contaetha sa bhliain 2016	22
Tábla 2: Cé a chuaigh i dteagmháil linn	23
Tábla 3: Cad faoi a ndearna daoine gearán?	23
Tábla 4: Miondealú ar ghearáin oideachais	25
Tábla 5: Miondealú ar ghearáin tithíochta	35
Caibidil 4 Ag cur chun cinn cearta agus leas leanaí	43
Caibidil 5 Acmhainní agus cumarsáid	79





Clíodhna Martin

@ClíodhnaMartin

Follow

An Dr. Niall Muldoon ag cur cearta leanaí den lucht siúil agus leanaí Romacha chun cinn [@PEEREU](#) [@ucddublin](#) [@SchoolofEdUCD](#)



RETWEETS
3

LIKES
6



7:39 AM - 4 Nov 2016 from [Dun Lao](#)



3



6



OmbudsmanForChildren

@OCO_ireland

Follow

Oíche iontach ag Comhairle na nÓg, Cill Chainnigh agus [@ColaisteMhuireK](#), Tionscadal Scoile ar an Meabhairshláinte



RETWEETS
3

LIKES
12




12:12 PM - 3 Oct 2016



3



12



Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí

A portrait of Dr Niall Muldoon, a man with short grey hair, wearing a dark suit, white shirt, and a patterned tie. He is smiling and looking towards the camera. The portrait is set within a circular frame with a green border, which is part of a larger graphic design featuring yellow and green curved shapes.

Dr Niall Muldoon

**Ombudsman
do Leanaí**

Tá lúcháir orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur faoi bhráid an Oireachtais don tréimhse ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016 de bhun Alt 13(7) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002.

I mí Feabhra 2015, bhí sé d'onóir agam ról an Ombudsman do Leanaí a ghlacadh agu rinne mé amhlaidh le tiomantas páiseanta chun difear a dhéanamh i gcosaint agus i gcur chun cinn cearta leanaí. Dhá bhliain níos faide anonn, tá mé níos deimhnithe de ná mar a bhí riamh gur ceist ríthábhachtach í ceist cearta leanaí i sochaí na hÉireann, agus in ainneoin an dul chun cinn tábhachtach atá déanta i bpasáil Reifreann na Leanaí, níl an gnó mar a bhaineann sé le cosaint cearta leanaí ach ina thús.

Ar chuid de na scéalta is coscraí agus is cráite a bhí i mbéal an phobail sna meáin i 2016 bhain siad le sárú cearta leanaí san am atá caite agus le deireanas. Tugann sé chun cuimhne dom seasta go mbíonn cuid mhór leanaí in Éirinn i mbaol, tá cuid mhór leanaí ann nach bhfuiltear ag caitheamh leo ar bhonn cothrom, agus cuid mhór nach bhfuil an deis acu maireachtáil go sábháilte, go sásúil agus go sona ina saol laethúil. Fiche a cúig bliain tar éis d'Éirinn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a dhaingniú um Chearta an Linbh, fós níl sé comhtháite isteach go hiomlán i ndlí na hÉireann. Tá an t-uafás fós le déanamh.

Tá méadú eile ann i mbliana ar líon na ngearán a tháinig isteach chuig an Oifig agus tarraingíonn sé seo aird ar an bhfíric nár éirigh fós le comhlachtaí poiblí cearta leanaí a chur chun cinn agus meas a bheith orthu tríd a gcuid gníomhaíochtaí agus próisis

cinnteoireachta. Tá cúrsaí Oideachais, Cosaint agus Leas Leanaí i measc na n-earnálacha is mó gearáin, mar a bhí amhlaidh le roinnt blianta anuas. Leagann sé seo béim ar cheisteanna leanúnacha sna hearnálacha seo.

Ba ábhar spreagtha dom an fhreagairt a fuarthas ar thuarascáil Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an scéim um Fhreastal Réasúnta ag Scrúdú Teastais faoi riarachán Choimisiún na Scrúduithe Stáit a d'fhoilsigh mé i mí an Mheithimh 2016. D'aithin muid ceisteanna leanúnacha, córasacha a raibh tionchar diúltach acu ar dhaoine óga ag lorg breis tacaíochta dá gcuid scrúduithe. Ó foilsíodh é, tá athbhreithniú déanta ar an scéim, agus tá titim shuntasach i líon na ngearán a fuair muid ar an gceist seo.

Tá titim shuntasach sa pholasaí oideachais agus sa reachtaíocht i 2016 nuair a tugadh isteach Cuid V den Acht Múinteoireachta, plé maidir le hiontrálacha scoile, agus iarracht chun an Chairt um Thuismitheoirí agus Scoláirí a bhfuiltear ag fanacht leis le fada, a thabhairt isteach. Tá mé dóchasach go ndéanfar dul chun cinn ar na hathruithe seo agus go mbeidh tionchar dearfach acu tríd an leas is fearr do leanaí a leabú i gcreatlach ár scoileanna. Tá a fhios agam go mbeidh tionchar dearfach acu agus go bhfreastlóidh siad ar na gearáin is coitianta a thagann isteach chugainn.

Tá mé imníoch fós faoi líon na ngearán a fhaighimid a bhaineann leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). Is léir gurb ann do neamhréireacht laistigh den Gníomhaireacht, ar bhonn tíreolaíochtúil agus ó thaobh an chaoi a ndéantar ceisteanna a láimhseáil. Tar éis trí bliana ar an bhfód níl sé sásúil ach an oiread go mbíonn an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) fós ag feidhmiú mar ghníomhaireacht géarcheime agus ní mar eagraíocht fhorásach ag tacú le teaghlaigh ar bhealach iomlánaíoch. Mar Ombudsman do Leanaí tá sé mar thosaíocht agamsa a chinntiú go mbíonn an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ag oibriú go héifeachtúil chun na páistí is leochailí a chosaint. Níl aon amhras ach go bhfuil breis acmhainní ag teastáil chun an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil do leanaí. Ní mór dúinn a mheabhrú, áfach, nach gciallaíonn acmhainní airgead agus baill foirne amháin. Ciallaíonn acmhainní pleanáil, maoiniú, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, cóiríocht agus cur chun feidhme polasaithe ar bhealach inbhuanaithe.

Sa bhliain 2016 d'fhoilsigh mé Plean Straitéiseach Oifig an Ombudsman do Leanaí 2106-2108. Is plean spriocdhírthe, ach uailmhianach é seo a mbeidh gach uile fhuinneamh agus phaisean atá ag foireann iomlán Oifig an Ombudsman do Leanaí ag teastáil chuige. Leag muid síos trí chuspóir shoiléire:

- Feasacht a ardú maidir le cearta leanaí agus daoine óga, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus ról Oifig an Ombudsman do Leanaí.

- Cabhrú le heagraíochtaí poiblí chun cur chuige bunaithe ar chearta leanaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcleachtas féin.
- Chun tionchar dearfach a imirt ar son agus le leanaí agus daoine óga in Éirinn, le fócas faoi leith ar pháistí atá ag fulaingt ó ábhair a bhaineann le galar meabhrach, páistí atá gan dídean agus páistí a bhfuil míchumais orthu.

Tarraingíonn an méadú i líon na ngearán i mbliana a bhaineann le tithíocht agus le heaspa dídine aird mhór ar an bhfíric gur grúpa leanaí iad seo a gcaithfear a gcearta a chosaint. Tá méadú arís eile ann i líon na ngearán a bhaineann le hearnáil na sláinte, cuid mhór acu a bhaineann le leanaí a bhfuil míchumais orthu nó atá ag fulaingt ó ábhair a bhaineann le sláinte meabhrach, agus leagann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le cluas le héisteacht a thabhairt do ghlórtha na ndaoine óga seo. Tá sé de rún agam a bheith ag obair le daoine óga chun fáil amach faoi na sainathruithe a bhraiteann siadsan atá ag teastáil sna réimsí seo, agus tá sé i gceist agam gach aon chuid den chumhacht atá agam a úsáid chun athrú a chur i bhfeidhm.

Bliain an-táirgiúil a bhí i 2016 don Oifig. D'éirigh liom féin agus leis an bhfoireann oibre ar fad, dul amach i mbéal an phobail. Mar fhoireann tá muid tar éis bualadh leis na mílte leanaí agus daoine óga ó gach aon chearn d'Éirinn agus ó gach cineál cúla. Tá iniúchtaí tábhachtacha déanta againn agus is iad cleachtais nuashonraithe agus athraithe an toradh atá orthu, agus tá muid tar éis dul i ngleic ag leibhéal áitiúil le líon ollmhór teaghlach agus comhlachtaí poiblí chun tabhairt faoi theacht ar réiteach níos tapúla de réir leas na ndaoine óga atá i gceist.

Is iomaí aighneacht atá déanta ag an Oifig, comhairle tugtha agus ionchur déanta in iliomad polasaithe agus píosáí reachtaíochta, agus gach aon uair bímid ag glacadh seasamh ar son cearta leanaí agus ag iarraidh i gcónaí ar an Rialtas tuairimí daoine óga a chur san áireamh de réir a n-aoiseanna agus a n-aibíochta. In ainneoin gach ar éirigh linn a dhéanamh, tá a fhios agam gur féidir linn i bhfad níos mó a dhéanamh chun cearta leanaí a chur chun cinn fud fad na hearnála poiblí. D'fhéadfadh muid tosú le cur chun feidhme chuid de na moltaí a rinne Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh sna Breithnithe Deiridh a foilsíodh i 2016. San áireamh anseo rinneadh iniúcháireacht chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta atá ann cheana féin agus a mbíonn tionchar aici ar leanaí leis an gCoinbhinsiún, chomh maith le meastacháin trasRialtais maidir le caiteachas ar leanaí agus ar dhaoine óga. Tá mé muiníneach go mbeadh an dá ghníomh seo astu féin an-éifeachtach ar fad maidir le cearta leanaí a chur chun cinn in Éirinn.

Sa bhliain 2016 rinneadh cuid mhór dul chun cinn maidir le rochtain a chur ar fáil don Oifig do leanaí agus daoine óga atá ina gcónaí



sa chóras Soláthar Díreach. Ón 3 Aibreán 2017 i leith, den chéad uair riamh, táthar tar éis an ceart céanna a thabhairt do dhaoine óga a bhíonn ag gach leanbh eile in Éirinn, faoi dheireadh; is é sin an ceart chun gearán a dhéanamh le comhlacht neamhspleách. San achar an-ghairid atá muid tar éis bheith ag glacadh le gearáin, is léir gur grúpa é seo a mbíonn eagla orthu go minic roimh na hiarmhairtí a bhaineann le gearán a dhéanamh agus a mbíonn tacaíocht ag teastáil uathu sa phróiseas gearán. Tá mé ag súil le rannpháirtíocht bhríoch leis na daoine óga seo agus lena dteaghlach sna míonna amach romhainn.

Tá mé ag súil freisin le bogadh chun tosaigh agus an Ré Dhorcha a fhágáil inár ndiaidh nuair a coinníodh leanaí i bpríosúin do dhaoine fásta. Ó bunaíodh an Oifig tá mé ag iarraidh agus ag moladh go gcuirfear deireadh leis an gcleachtas seo. Fáiltím go mór roimh an scéala nach mbeidh daoine óga, seacht mbliana déag d'aois, faoi choinneáil a thuilleamh i bpríosún Pháirc na Cruithneachta, agus go ndúnfar Foras Naomh Pádraig. Tugann Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh an deis is fearr do na daoine óga seo chun athshlánú agus comhtháthú isteach sa tsochaí. Tá breis acmhainní agus fócas méadaithe ag teastáil anois, áfach, chun na daoine óga seo, ar daoine leochaileacha iad go minic, a stopadh ó bheith ag déanamh coireanna ar an gcéad dul síos.

Bliain an-ghnóthach a bhí sa bhliain 2016 d'Oifig an Ombudsman do Leanaí agus tá mé ag súil le go mbeidh sé mar seo sa bhliain seo amach romhainn chomh maith. Tá mé tiomanta fós do chearta agus leas leanaí agus daoine óga a chur chun cinn in Éirinn, agus spreagaim na daoine sin nach bhfuil sásta leis an tseirbhís a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil dóibh ceisteanna a ardú, agus gearán a dhéanamh nuair is gá. Is féidir leat difear a dhéanamh duit féin agus dóibh siúd a bhainfidh leas as seirbhís sa todhchaí.

Niall Mulholland





OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

[Follow](#)



Bhí sé ag cur sneachta sa Ghinéiv nuair a bhaineamar amach Palais des Nations le haghaidh mhionscrúdú Choiste na Náisiún Aontaithe ar Éirinn faoi [#UNCRC](#)



RETWEETS
4

LIKES
5



12:36 AM - 14 Jan 2016



4



5

The background of the entire page is a repeating pattern of stylized, overlapping wavy lines in a light purple shade. In the center of the page is a large, solid purple circle. The title text is centered within this circle.

Caibidil 1: Sracfhéachaint ar 2016



Mí Eanáir

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh sa Ghinéiv

Líonra na Breataine agus na hÉireann
Ombudsman agus Coimisinéirí do Leanaí
Bhaile Átha Cliath

Mí Feabhra

Cruinniú leis an Aire
Dlí agus Cirt Frances
Fitzgerald



Seimineár Dlí maidir le Tús Áite do Leanaí

Mí an Mhárta

Aitheasc Chumann Ionad Comhairle Dlí Saor
in Aisce de chuid Choláiste na Tríonóide

Cuairt chuig Ionaid Soláthar Díreach Mhaigh
Muirí agus Halla Haiste

Réamhsheisiún Athbhreithniú Tréimhsiúil
Uilechoiteann sa Ghinéiv

Mí Aibreáin

Cuairt chuig Tithíocht Éigeandála
Shealadach Theach Fáilte, sa Mhuileann
gCearr

Duaiseanna na mBratach Buí de chuid
Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann

Ghlac páirt sa Rothaíocht in aghaidh
Féinmharú - thug cuairt ar Scoil Náisiúnta
Réalt na Maidne, Sligeach agus ar an
Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

Mí na Bealtaine

Duaiseanna uniTY, sa Héilics

Seisiún Athbhreithniú Tréimhsiúil
Uilechoiteann sa Ghinéiv

Comhdháil ar Chleachtas Aisiríoch, Dún
Dealgan

Mí an Mheithimh

Seimineár Earraigh an Líonra Eorpaigh
um Ombudsman do Leanaí maidir le
comhionannas san oideachas

Foilseachán thuarascáil
Choimisiún na Scrúduithe Stáit

Seisiún an Uachtaráin um
Leanaí 1916



Mí Iúil

Cruinniú leis an gCoimisiún
Meabhairshláinte

Cruinniú le Fred McBride, an
Ghníomhaireacht um Leanaí agus an
Teaghlach (Tusla)


Cuairt ar aonad na n-othar
cónaitheach i Linn Dara

Cruinniú le Cumann
Cathaoireacha Rothaí na
hÉireann

Cruinniú leis an Aire
Leanaí agus Gnóthaí Óige,
Katherine Zappone

Plean Straitéiseach Oifig an Ombudsman
do Leanaí curtha faoi bhráid Choiste an
Oireachtais agus páirtithe leasmhara
comhstádais.





Mí Lúnasa

Ionad um Chearta Imirceach Éireann (MCRA) - ag caint ag imeacht an fhocail labhartha de chuid 'Óg gan Cáipéisí Inimirce agus Cumhachtach'

Ag caint ag oiliúint ambasadóirí ar son Rothaíocht in aghaidh Féinmharaíthe

Cruinniú um Ionchuimsiú Éireann

Mí Mheán an Fhómhair

Cuairt ar Champas Coinneála Bhaile an Oibricigh

Cuairt ar Ionad Soláthar Díreach Bhaile Átha Luain

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Seoladh an Chomhairliúcháin 'Bí Linn'

Cruinniú leis an Aire le freagracht as Meabhairshláinte, Helen McEntee

Cruinniú leis an Údarás Náisiúnta Míchumais

Mí Dheireadh Fómhair

Cruinniú le Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath

Cruinniú le Cumas Éireann

Cruinniú le Ag Foghlaim Le Chéile

D'fhreastail ar 'Amuigh liom Féin' - Lá Náisiúnta Lucht Fágálaithe Cúraim



Mí na Samhna

Comhphlé Poiblí Uile Oileáin ar Bhreathimeacht

Cruinniú Choiste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF) i Nua Eabhrac

Foilseachán de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí, Oideachas i bhFócas

Comhchomairle le Coimisinéir Chomhairle na hEorpa Nils Muižnieks

Cuairt ar theach malairte agus láithreán stad Bhaile Átha Cliath chun labhairt le Taistealaithe óga

Seoladh an tionscadail Nasc na Poncanna le Chéile le Grúpa na nOspidéal do Leanaí

Mí na Nollag

LetItGlow – Imeacht um Mheabhairshláinte Oifig an Ombudsman do Leanaí

Oscailt oifigiúil 'An Mol do Leanaí'

Cuairt ar Aonad Ginesa Eoin Dé





UK Aji
@uk_aji

[Follow](#)

In éineacht le Nuala Ward @OCO_ireland - ag déanamh plé ar chearta an linbh agus ar réiteach neamhfhoirmeálta #taighde @uk_aji @EssexLawSchool



RETWEETS
5

LIKE
1



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

[Follow](#)

An tOmbudsman do Leanaí ag freastal ar an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann ar Éirinn ag na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv inniu #UPR2016



RETWEET
1

LIKES
4



3:29 AM - 11 May 2016

[Reply](#) [Retweet](#) 1 [Like](#) 4

Caibidil 2
Cé muid féin
agus cad a
dhéanaimid

Déanann Oifig an Ombudsman do Leanaí iniúchadh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga nó a dhéantar ar son leanaí agus daoine óga maidir le gníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí.

Chomh maith leis sin cuirimid chun cinn cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois a chónaíonn in Éirinn.

Cuireadh Oifig an Ombudsman do Leanaí ar bun sa bhliain 2004 faoin dlí ar a dtugtar An tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002. Faoi láthair tá 14 ball foirne fostaithe go díreach ag Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus naonúr conraitheoirí sa bhreis air sin ag obair laistigh den fhoireann i réimsí a bhaineann le Gearáin agus Iniúchtaí, Rannpháirtíocht agus Oideachas, Polasaí agus Cumarsáid.

San obair a dhéanaimid chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn

- Faighimid amach cad iad na rudaí atá ag déanamh imní do leanaí agus do dhaoine óga. Déanaimid a gcuid tuairimí a thabhairt chun solais an Rialtais agus chucu siúd a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar acu orthu.
- Soláthraimid eolas faoi chearta leanaí agus faoin gcaoi is féidir meas, cosaint agus feidhm a thabhairt do na cearta sin.
- Tugaimid comhairle don Rialtas agus do dhaoine eile le cabhrú sa mhéid is go mbíonn dlíthe agus polasaithe a bhaineann le leanaí agus le daoine óga ag tabhairt measa dá gcearta.
- Spreagaimid comhlachtaí poiblí chun oibriú ar bhealaí a chuireann cearta leanaí agus daoine óga chun cinn agus a léiríonn meas ar a gcearta.
- Déanaimid taighde chun gur féidir linn teacht ar thuiscint níos fearr maidir leis na ceisteanna atá tábhachtach i saol leanaí agus daoine óga.

Agus muid ag féachaint ar ghearáin:

- Féachaimid ar an tionchar a bhíonn ag drochriarachán ar leanbh.
- Déanaimid iarracht tuairimí an linbh a lorg ar a dtaithí féin.
- Déanaimid measúnú ar an gcaoi ar imir an taithí seo tionchar ar chearta an linbh.
- Déanaimid athbhreithniú neamhchlaonta ar cheisteanna - ní bhímid ag feidhmiú ar leas ceachtar páirtí.
- Déanaimid iarracht an t-achrann a réiteach ag an mbunleibhéal.
- Nuair is gá, déanaimid iniúchtaí, bunaithe ar mheasúnacht neamhchlaonta ar na fíricí agus ar an bhfianaise.

Plean Straitéiseach Oifig an Ombudsman do Leanaí 2016-2018


Sa bhliain 2016, d'fhoilsigh muid ár bPlean Straitéiseach 2016-2018. Sa Phlean seo leag muid síos ár dtrí phríomhchuspóir agus na príomhréimsí gníomhaíochta a mbeidh muid ag tabhairt fúthu chun iad a bhaint amach.

Fís Oifig an Ombudsman do Leanaí

Teastaíonn uainn Éire a bheith againn a mbeidh cluas le héisteacht á tabhairt ann do gach leanbh agus do gach duine óg ar bhonn gníomhach agus go mbeidh meas orthu sa chaoi go mbeidh saol sábháilte, sásúil agus sona acu. Bainfidimid leas as ár neamhspleáchas agus as ár gcumhachtaí a oiread agus is féidir chun dul ina bhun seo.

Cuspóirí Oifig an Ombudsman do Leanaí

- Ardóidh muid feachtas maidir le cearta leanaí agus daoine óga, maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus maidir le ról Oifig an Ombudsman do Leanaí
- Oibreoidh chun tógáil ar an gcumas i measc eagraíochtaí poiblí a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar leanaí agus ar dhaoine óga chun cur chuige bunaithe ar chearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcleachtais oibre.
- Imreoidh muid tionchar dearfach ar son agus in éineacht le leanaí agus le daoine óga in Éirinn.





OmbudsmanForChildren

@OCO_ireland

[Follow](#)

Buíochas leis na daoine óga ag Teach an Mhalartáin as ucht cabhrú le [@OCO_ireland](#) lenár gcomhairliúchán Tune In - cá háit agus cén chaoi cur in iúl faoi chearta an linbh



RETWEETS
6

LIKES
11



6:34 AM - 20 Oct 2016



OmbudsmanForChildren

@OCO_ireland

[Follow](#)

Éist leis an Ombudsman do Leanaí ar [@morningireland](#) inniu maidir le heaspa dídine agus leanaí atá sa Chóras Soláthair Dhírig




Morning Ireland Wednesday 26 April 2017 - Morning Ireland - RTÉ Radio 1
None
[rte.ie](#)

LIKE
1



8:37 AM - 20 Jan 2016





Caibidil 3: Gearáin agus iniúchtaí

Is cuid lárnach d'obair Oifig an Ombudsman do Leanaí é gearáin agus iniúchta.

Faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 arna leasú (an tAcht) is féidir linn iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó a dhéanann daoine fásta ar a son, in éadan comhlachtaí poiblí, scoileanna nó ospidéal.

Tá ár seirbhís gearán agus iniúchta saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta. Bunaíodh muid mar rogha taobh amuigh den chúirt. Déanaimid iarracht éisteacht le gach páirtí lena mbaineann, agus teacht ar chonclúidí atá cothrom agus réasúnta, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil dúinn.

Leagtar amach go han-soiléir san Acht an chaoi ar chóir dár ngearáin agus iniúchtaí oibriú. Féachann an próiseas scrúdúcháin agus iniúchta ar chásanna, is é sin más amhlaidh go raibh tionchar díobhálach ar an leanbh de dheasca gníomhaíochtaí a rinne comhlacht poiblí, agus chomh maith leis sin féachtar ar an ngníomhaíocht féin le déanamh amach más amhlaidh:

- Go ndearnadh é gan údarás cuí
- Go ndearnadh é ar fhorais neamhábhartha
- Gur tharla sé mar thoradh ar neamart nó míchúram
- Go bhfuil sé bunaithe ar eolas earráideach nó eolas neamhiomlán
- Gur beart idirdhealaitheach míchuí a bhí ann
- Go bhfuil sé bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe
- Nach bhfuil sé de réir riaracháin atá cothrom nó ceart

Is féidir le leanaí gearáin a thabhairt chugainn as a stuaim féin agus lorgaimid tuairimí leanaí nuair is cuí. Luaitear san Acht go gcaithfid, agus muid ag déanamh ár gcuid oibre maidir le gearáin agus iniúchtaí, meas a bheith againn ar leas an linbh agus go gcaithfidimid machnamh cuí a dhéanamh ar mhianta an linbh, ag cur san áireamh aois agus tuiscint an linbh.



3.1. Athraigh rudaí. Déan gearán.

Is féidir leis bheith deacair do dhuine fásta, agus níos deacra arís do leanbh an cinneadh a ghlacadh ar an gcéad dul síos gearán a dhéanamh agus ansin dul tríd an bpróiseas le comhlachtaí poiblí, próiseas a bhíonn maorlathach agus fadálach go minic.

Is eol dúinn gur féidir le leanaí agus tuismitheoirí bheith míshásta le seirbhís a fuair siad féin nó a fuair a bpáistí i scoil, in ospidéal nó in iliomad seirbhís phoiblí eile. Is eol dúinn freisin gur féidir le constaicí a bheith ann, idir chonstaicí a bhraitear bheith ann agus fhíorchonstaicí nuair a bhaineann sé le himní nó míshásamh a chur in iúl i leith seirbhíse. Inár gcuid oibre, caithimid cuid mhór ama ag cabhrú le leanaí agus le tuismitheoirí gearáin a dhéanamh le comhlachtaí poiblí, agus do chuid mhór daoine, is é seo an chéad uair dóibh tús a chur le próiseas foirmiúil gearáin.

Éiríonn roinnt tuismitheoirí as go luath mar gur deacair dóibh an t-am agus an fuinneamh is gá a fháil chun leanstan den ghearán le comhlacht poiblí. Tá daoine eile a bhraiteann nach mbíonn an t-am acu fiú chun tús a chur leis an bpróiseas agus bíonn siad ite le bheith ag tabhairt cúraim agus ag lorg seirbhísí dá leanbh. Is eol dúinn freisin gur minic a bhíonn imní ar thuismitheoirí faoin tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith orthu de bharr gearán a dhéanamh, go háirithe i leith na seirbhísí a fhaigheann a leanbh sa todhchaí.

Mar sin féin, feicimid féin go pearsanta, na hathruithe is féidir le gearán a dhéantar a thabhairt ar shaol leanaí. Glacann cuid mhór comhlachtaí poiblí le gearáin an-dáiríre agus déanann siad athruithe nuair is gá. Bíonn na hathruithe seo ar leas an linbh aonair, ar leas leanaí eile atá sa tseirbhís faoi láthair agus ar leas leanaí a bhainfidh úsáid as an tseirbhís sa todhchaí, seans.

Tá sé tábhachtach go mbíonn próiseas gearán ag comhlachtaí poiblí atá éasca a úsáid agus éifeachtach, ag freastal ar ábhair imní, sa chaoi go mothaíonn gach ball den phobal go bhfuil tacaíocht ann dóibh agus iad ag tabhairt ábhar imní chun solais.

Sa chás-staidéar thíos léirítear an chaoi ar athraigh gearán amháin córas iomlán maidir le hatreorú idir ospidéal i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



Ciara¹- Atreoruithe Ospidéil tríd an bhfacs

Bhí Ciara 1½ d'aois nuair a rinne a cuid tuismitheoirí gearán linn sa maidir leis an moill in atreorú le haghaidh scanadh cromáin. D'inis tuismitheoirí Chiara dúinn gur tríd an bhfacs an modh atreoraithe ó ospidéal amháin go hospidéal eile. Mar gheall air seo is amhlaidh gur chuir ospidéal amháin an t-atreorú ach ní bhfuair an t-ospidéal eile é. De dheasca na moille seo teipeadh ar dhiagnóis a bheith déanta uirthi, in am tráthúil, rud a chiallaigh gur theastaigh cóir leighis phráinneach uaithi sular thosaigh sí ag siúl. D'ardaigh tuismitheoirí Chiara imní go bhféadfadh riosca bheith ann d'othair eile de dheasca an chórais atreoraithe a bhí ann, mar a tharla do Chiara.

An rud a rinne muid

Rinne muid imscrúdú ar an ngearán seo. Fuair muid amach gur de dheasca an chleachtais riaracháin de bheith ag cur atreoraithe cromán ar aghaidh tríd an bhfacs ba chúis le hatreorú Chiara bheith caillte sa chóras. Bhí tionchar diúltach aige seo uirthi. San iniúchadh a rinne muid fuair muid amach freisin gur cailleadh 20 eile atreorú naíonán mar gheall ar an bpróiseas de bheith ag cur is ag glacadh le hatreoruithe tríd an bhfacs.

Toradh

Fuair Chiara an chóir leighis ba ghá agus rinne na hospidéil iarrachtaí chun teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh na 20 naíonán eile. Glacann na hospidéil a bhí i gceist agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis nach bhfuil an cleachtas atreoraithe tríd an bhfacs cuí ná éifeachtach.

Thóg an dá ospidéal sa chás seo orthu féin athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás agus mar thoradh air sin:

- Stop siad den chleachtas de bheith ag facsáil chun atreorú a dhéanamh idir ospidéil
- Chruthaigh an dá ospidéal i gcomhpháirt lena chéile córas nua le cinntiú go mbeirtear ar gach atreorú
- Ainmníodh baill foirne ag an dá ospidéal chun an córas a bhainistiú le freagracht a chinntiú
- Tá athbhreithnithe agus iniúchtaí ar an gcóras le socrú ar bhonn rialta le cinntiú go bhfuil sé éifeachtach

Chuir muid in iúl don leibhéal is airde laistigh d' Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoin teip chórasach a thug ár n-iniúchadh chun solais. Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tuarascáil ar fáil maidir le cur chun feidhme ár gcuid moltaí agus thug siad tiomantas maidir le feabhas a chur ar sceidealú agus seirbhísí othar seachtrach ar bhonn náisiúnta.

¹ Tá ainmneacha na leanaí agus na ndaoine óga i ngach sampla de ghearán athraithe chun a n-anaithnideacht agus a rúndacht a chosaint.

An chaoi ar fheabhsaigh muid ár seirbhís don phobal sa bhliain 2016

Sa bhliain 2016 rinne muid ár bhfoirm um ghearáin ar líne a nuashonrú chun go mbeadh sé níos éasca do dhaoine gearáin a chur isteach chomh maith leis na cáipéisí a bhaineann leo.

Ba lú an mhoill a bhí ann maidir le haisfhreagraí a fháil ó chomhlachtaí poiblí sa bhliain 2016. Bhí moill mhíchúí ann trí huaire ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dhá cheann ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus moill mhíchúí amháin ann ó údarás áitiúil. Fáiltímid roimh thiomantas na gcomhlachtaí poiblí chun freagra a chur chugainn in am trátha le cúrsaí do leanaí agus do theaghlaigh a bhrostú.

Le linn na bliana 2016 thosaigh muid ag déanamh ullmhúchán do 'in-reach' le leanaí agus daoine óga atá faoi choinneáil ag an Stát. Ag tosú i 2017 buailfidh muid go díreach, ar bhonn rialta, le daoine óga i gCampas Coinneála Bhaile an Oibricigh agus i bpríosún Pháirc na Cruithneachta, áit a bhfuil líon bheag daoine óga fós faoi choinneáil. Tá an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige chomh maith leis an Aire Dlí agus Cirt tar éis tacaíocht a thabhairt don tionscnamh seo.

We believe that
being safe is very important.
Everyone should live in safe environments.


#safety



3.2. Gearáin a fuarthas i 2016

Fuair muid 1,682 gearán nua sa bhliain 2016. Is méadú 3% é seo ar fhigiúr na bliana 2015. Ó bhí 2010 ann, tá méadú de 47% tar éis teacht ar líon na ngearán nua a fuarthas.

Tábla 1: Líon na ngearán nua 2010-2016



Fuair muid gearáin ar ghuthán, ar ríomhphost, tríd an bhfoirm gearáin ar líne nó i litir. Caitheann ár gcásoibrithe cuid mhór ama ag plé le daoine nuair a dhéanann siad teagmháil linn den chéad uair, ag caint agus ag léamh tríd na mionsonraí a bhaineann lena n-ábhair imní agus lena ngearán.

I go leor de na cásanna is é an t-eolas agus an tacaíocht a thugann ár gcásoibrithe, ar an nguthán nó i scríbhinn, nuair a dhéantar an chéad teagmháil linn is cúis le gan aon ghá bheith ann dúinn breis gníomhaíochta a dhéanamh. Tá roinnt cúiseanna leis seo. Mar shampla, is féidir leis an ngearán a bheith lasmuigh dár sainchúraimí nó is féidir nár tugadh chuig an gcomhlacht a bhfuiltear ag déanamh gearáin ina leith roimh dhul i dteagmháil linne. Is féidir go ndéanfaidh ár bhfoireann na gearánaigh a threorú chuig an gcomhlacht cuí gearáin nó go ndéanfaidh ár bhfoireann iad a spreagadh chun an gearán a thabhairt chuig an scoil, an ospidéal nó an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos. Mura mbíonn siad sásta ansin leis an toradh a bhíonn ar nósanna imeachta um ghearáin áitiúla, is féidir, ar ndóigh, le gearánaigh teacht ar ais chugainn a luaithe agus a bhíonn a ngearán laistigh dár sainchúraimí.

Má bhíonn gearán laistigh dár sainchúraimí agus má tugadh chuig an gcomhlacht cuí é gan aon réiteach a bheith air,

déanaimid imscrúdú níos mionsonraithe ar an ngearán. Sna himscrúduithe seo bíonn an gearán le cur faoi bhráid na scoile, an ospidéal nó an chomhlachta phoiblí atá i gceist agus lorgaítear breis faisnéise chomh maith le freagra uathu siúd. Is é seo, mar sin de, a chinneann cad í an idirghabháil, má bhíonn aon idirghabháil ann, a dhéanfaidh muid.

Ar aon dul le prionsabail an Ombudsman, oibríonn ár bhfoireann iniúchta ar ghearáin leo siúd a thugann gearáin chugainn agus leis na comhlachtaí atá faoi chaibidil chun ceisteanna a réiteach ag an leibhéal áitiúil a luaithe agus is féidir.

Réitítear go háitiúil formhór na ngearán a ndéanaimid iniúchadh níos mionsonraithe orthu ag an bpointe seo. I gcás nuair nach féidir seo bheith amhlaidh, áfach, nó i gcás a mbímid míshásta le freagra ón gcomhlacht poiblí i leith gearáin, is féidir linn leanstan le hiniúchadh foriomlán.

Bhí 22 gearán againn faoi imscrúdú sa bhliain 2016, agus chuaigh dhá cheann acu seo ar aghaidh chuig iniúchadh foriomlán. Bíonn iniúchtaí dian ar acmhainní agus is féidir go nglacann siad an-chuid ama le tabhairt chun críche. San áireamh sna cinntí a dhéantar chun tabhairt faoi iniúchtaí bíonn an tionchar a bheadh ag na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag gearán fúthu ar an leanbh nó ar na leanaí i gceist sa chás faoi leith. Is minic, áfach, gurb amhlaidh an scéal go mbeidh iniúchtaí ann a dhéanann ceisteanna córasacha a thabhairt chun solais agus a mbíonn tionchar acu ar leanaí eile, agus cuirtear é sin san áireamh freisin nuair a bhíonn iniúchadh á mholadh.




3.3. Cad as a dtagann ár gcuid gearán?

I léarscáil 1 thíos léirítear comhréir ár ngearán a thagann ó gach contae in Éirinn. Ní bhíonn a fhios againn i gcónaí cén áit a mbíonn an duine nó an leanbh a chuireann an gearán isteach lonnaithe. Is amhlaidh atá mar seans go dtugann an duine a dhéanann teagmháil eolas an-ghinearálta maidir le leanbh nó ardaítear ceisteanna ar cúis imní iad ar bhonn níos leithne agus ní go díreach faoi leanbh amháin in áit faoi leith. Ní shonraítear cásanna den chineál sin sna figiúir thíos.

As an 1,205 gearán nua a tháinig isteach i 2015 nuair is eol cén áit as a dtáinig siad, tháinig an líon is airde acu isteach ó cheantar Bhaile Átha Cliath. Is mar seo a bheifí ag súil mar gurb é seo an ceantar is mó daonra. Fuarthas trí chéad caoga gearán ón gceantar seo, arb é 29% é de na gearáin nua ar fad sa bhliain 2016.

Léarscáil 1: Gearáin de réir contae sa bhliain 2016



3.4. Cé a dhéanann teagmháil linn?

Sa bhliain 2016, bhíothas ar an eolas maidir leis an ngaol a bhí idir an gearánach agus an leanbh i 1,640 cás. Tháinig ceithre chúigiú cuid de na gearáin seo ó thuismitheoirí nó ó shiblínn agus ó bhaill eile den teaghlach (féach ar Thábla 2 thíos). Tá sé seo ar aon dul leis na blianta roimhe seo agus léiríonn sé an ról tábhachtach atá ag an teaghlach ag tabhairt ábhar imní chun solais maidir leis an gcaoi a bhfuil comhlachtaí poiblí ag caitheamh lena gcuid páistí.

Tábla 2: Cé a rinne teagmháil linn

Tuismitheoirí	78%
Gairmithe	6%
Siblínn agus Teaghlach Sínte	5%
Daoine Fásta nach Gaolta iad	4%
Leanaí	3%
Eagraíochtaí	2%
Eile	2%
Iomlán	100%

3.5. Cad faoi a fuair muid gearáin sa bhliain 2016?

D'fhéadfadh na gearáin a fhaighimid baint bheith acu le níos mó ná gné amháin de shaol an linbh agus le níos mó ná seirbhís amháin nó níos mó ná soláthraí seirbhíse amháin. Mar shampla, d'fhéadfadh gearán faoi thithíocht oiriúnach do leanbh le míchumais baint a bheith aige le seirbhísí sláinte agus le seirbhísí tithíochta araon. D'fhéadfadh tacaíocht oiriúnach oideachais a sholáthar do leanbh faoi chúram baint bheith aige le seirbhísí oideachais agus le seirbhísí um chosaint leanaí.

Tábla 3: Céatadán na ngearán a bhaineann le hearnálacha éagsúla 2016*

Oideachas	46%
Cosaint agus Leas Leanaí	23%
Sláinte	17%
Ceartas	6%
Tithíocht agus Pleanáil	5%
Airgeadas agus Leas	3%
Eile	3%

*Sáraítear 100% mar luaitear roinnt catagóirí i níos mó ná gearán amháin.

Tá na hearnálacha a bhfuair muid an líon is airde gearán fúthu tar éis fanacht seasmhach le dornán blianta anuas. Mar a fheictear i dTábla 3 thuas, luadh earnáil an oideachais i 46% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2016: seirbhísí um chosaint agus leas leanaí, baineann a bhformhór acu siúd leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), a luadh i 25% de na gearáin sa bhliain 2016. Tá na figiúir seo ar aon dul le comhréir na ngearán a fuarthas faoi na hearnálacha seo i mblianta atá imithe tharainn. Tá méadú ag teacht, áfach, ar chomhréir na ngearán a bhaineann le seirbhísí sláinte, ag méadú ó 11% sa bhliain 2014, go 14% i 2015 agus 17% i 2016. Tháinig méadú de bheagán freisin ar chomhréir na ngearán a bhaineann le hábhair imní maidir le tithíocht ó bhliain go bliain, ó 3% sa bhliain 2014, go 14% i 2015 agus 5% i 2016. Tá comhréir na ngearán a bhaineann le ceartas tar éis fanacht seasmhach, den chuid is mó, ón mbliain 2014.



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

Follow

Níor cheart do scoileanna idirdhealú a dhéanamh ar bhonn creidimh le bheith i dteideal maoiniú poiblí.
#schooladmissions #BaptismBarrier <http://www.rte.ie/news/2016/1117/832547-ombudsman/> ...



RETWEETS
28

LIKES
33



2:28 AM - 18 Nov 2016



28



33

3.6. Oideachas

Is príomhábhar imní é cúrsaí oideachais d'fhormhór na dtuismitheoirí agus léirítear sin i líon na ngearán a fhaighimid faoin gceannnteideal seo. Léirítear na heagraíochtaí oideachais a ndearnadh gearán fúthu i dTábla 4 thíosluaite.

Tábla 4 Miondealú ar Ghearáin Oideachais 2016

Scoileanna (lena n-áirítear bunscoileanna, iarbhunscoileanna, scoileanna speisialta agus eile)	69%
Áisíneachtaí Eile Oideachais (lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit)	14%
An Roinn Oideachais agus Scileanna	14%
Eile	3%


Faoi scoileanna a bhíonn formhór na ngearán oideachais a fhaighimid. Ní thagann, áfach, formhór acu seo ar aghaidh chun a n-imscrúduithe nó chun a n-íniúchta. Tá cúiseanna éagsúla gur mar sin atá an scéal. Níor cuireadh cuid mhór de na gearáin a fuair muid faoi scoileanna, mar shampla, faoi bhráid bhord bainistíochta na scoile. Chun réiteach áitiúil a chur chun cinn, déanaimid cuid mhór gearán a atreorú chuig an mbord bainistíochta ar an gcéad dul síos.

Faighimid cuid mhór gearán maidir le bainistiú ar phiarbhulaíocht i scoileanna. Is dúshlán faoi leith é do leanaí, do thuismitheoirí agus do scoileanna freagairt don bhulaíocht agus an bhulaíocht a dhéantar tríd na meáin shóisialta a bhainistiú go héifeachtach. Is ábhar imní seasta iad cineál na gearán a dhéanann scoileanna a láimhseáil agus go minic ní bhíonn na próisis ann nó ní bhíonn rochtain éasca ar na próisis atá ann nó bíonn sé deacair iad a leanstan do leanaí agus do thuismitheoirí. Dhéanfadh cur chun feidhme an Bhille Oideachais 2016 (Cairt do Thuismitheoirí agus do Scoláirí), atá faoi láthair ag staid réamhreachtaíochta faoi bhráid an Oireachtais, próisis inmheánacha gearán laistigh de scoileanna a threisiú. Tá de chumas ag an mBille comhsheasmhacht a mhéadú maidir le gearáin a láimhseáil i ngach scoil agus tugann sé cumhachtaí breise d'Oifig an Ombudsman do Leanaí chun dul i ngleic le gearáin a bhaineann le scoileanna.

Anuas air sin, fuair muid cuid mhór gearán, mar a aibhsíodh i dtuarascálacha roimhe seo maidir le mí-iompar gairmiúil a cuireadh i leith múinteoirí. Bhí an t-ábhar seo lasmuigh dár sainchúraimí. Fáiltímid roimh chur chun feidhme chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001) i 2016, rud éigin a bhí á lorg againn ar feadh na mblianta. Cuireann sé seo meicníocht le gearáin a dhéanamh ar fáil do thuismitheoirí atá imníoch faoi mhí-iompar gairmiúil agus rinne muid atreorú ar go leor tuismitheoirí chuig an nós imeachta nua seo.

Bhain gearáin a fuarthas faoin Roinn Oideachais agus Scileanna agus faoi áisíneachtaí eile oideachasúla le roinnt ábhar, ina measc bhí teagasc baile, socrúcháin scoile agus iompras scoile. Coitianta i measc cuid mhór de na gearáin seo tá ceist an tsoláthair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Sa bhliain 2016 d'fhoilsigh muid tuarascáil achoimreach ar an scéim maidir le Freastal Réasúnta um Scrúduithe Teastais atá á riar ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Bunaíodh an tuarascáil seo ar an líon ard gearán a fuarthas sna blianta roimhe seo maidir le riarachán na scéime Freastal Réasúnta um Scrúduithe Teastais. Luadh rudaí sna gearáin seo a bhain le droch-chleachtas riaracháin, más fíor dóibh. Foilsíodh an tuarascáil seo, ar lean athruithe suntasacha don scéim Freastal Réasúnta um Scrúduithe Teastais mar gheall uirthi, agus is féidir teacht uirthi ag www.oco.ie. Ó foilsíodh é, tá titim shuntasach i líon na gearán i leith na scéime.



Laura, David agus Cathal: Soláthar oideachais do leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu

Rinne máthair Laura, David agus Cathal teagmháil linn i mí an Mheithimh 2016. D'inis sí dúinn go raibh a cuid páistí le bogadh go scoil nua agus go raibh imní uirthi maidir leis na tacaíochtaí a bhí san áit chun freastal ar a lagú éisteachta. Chuir sí in iúl dúinn:

- Go raibh an bheirt pháiste is sine i rang speisialta ina seanscoil.
- Gur theastaigh ó na tuismitheoirí go rachadh an triúr páiste ar scoil le chéile ach nach raibh rang speisialta sa scoil nua.
- D'inis an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta dóibh nach mbogfadh an rang speisialta ón tseanscoil go dtí an scoil nua leis na páistí.

An rud a rinne muid

Rinne muid teagmháil leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus d'inis siadsan dúinn gur ag leanúint polasaí a bhí siad. Dúirt siad gur faoi na scoileanna a bhí sé cur isteach ar ranganna speisialta. D'inis siad dúinn nach raibh scoil nua na leanaí tar éis cur isteach ar rang speisialta ach gur chuir siad isteach ar Uaireanta Teagaisc Íosmhiniúcháin agus ar chúntóirí riachtanas speisialta do na leanaí.

Chuaigh muid i dteagmháil le príomhoide na scoile a rinne é seo a dheimhniú linn. Dúirt sí nach raibh spás ag an scoil le haghaidh rang speisialta ach go raibh tacaíochtaí eile á gcur ina n-áit. San áireamh anseo bhí Uaireanta Teagaisc Íosmhiniúcháin chomh maith le cúntóirí riachtanas speisialta a bhí ábalta Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid.

Toradh

Níor tháinig muid ar aon nasc idir na Comhairlí Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó gníomhaíochtaí riaracháin na scoile agus éifeacht dhíobhálach ar na leanaí. Mar sin de, dhún muid an gearán. Aibhsíonn an gearán seo, áfach, an gá atá ann d'acmhainní do leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu. Mar shampla, ní aithnítear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann mar theanga fós in Éirinn. Is é an t-aon soláthar polasaí atá ann do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann i scoileanna ná na cúntóirí riachtanas speisialta a bhfuil roinnt de Theanga Chomharthaíochta na hÉireann foghlamtha acu ach nach ateangairí ná múinteoirí iad. Tá imní orainn go mb'fhéidir go mbeadh impleachtaí aige seo ar rannpháirtíocht na leanaí sa churaclam agus ar a dtorthaí oideachasúla agus tá sé i gceist againn seo a ardú mar cheist polasaí sa bhliain 2017.

3.7. Cosaint agus Leas Leanaí

Mar atá léirithe thuas i dTábla 4, bhain aon cheathrú de na gearáin ar fad a fuarthas i 2016 le cosaint agus leas leanaí. Ní iontas ar bith é gur bhain formhór mór na ngearán seo le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Mar a tharla i mblianta roimhe, fuair muid gearáin maidir leis an gcaoi a gcuirtear eolas in iúl do leanaí agus do theaghlaigh, agus faoin mbainistíocht a bhaineann le hábhair imní a bhaineann le cosaint leanaí. Maidir leis an dáiríreacht a bhaineann leis na ceisteanna a ardaíodh chuaigh muid i dteagmháil le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus d'iarr muid orthu go ndéanfaí athbhreithniú foirmiúil ar na cásanna seo trí mheán an Phainéil Náisiúnta um Athbhreithniú nó trí mheán athbhreithniú píaraí laistigh den Áisíneacht.

Ba ábhar imní fós i measc na ngearán a fuair muid na seirbhísí do leanaí faoi chúram, lena n-áirítear infhaighteacht agus oiriúnacht socrúchán, iarchúram agus oideachas, chomh maith le heaspa oibre idir na háisíneachtaí agus ceisteanna a bhain le láimhseáil gearán.



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

Follow

Tionscadal Idirbhliain Choláiste Davis @YSINow ar Mhí-úsáid Leanaí - ag léiriú a 'Labhair Amach' agus Niall ag tabhairt cur i láthair, i Mala ar maidin inniu



RETWEETS
5

LIKES
8



5:26 AM - 22 Apr 2016



Eoin: Ní raibh aon socraíocht iarchúraim ann dó

Rinne Bainisteoir Cúram Sóisialta ar ionad cónaithe teagmháil linn ar son Eoin. Bhog Eoin go dtí an t-ionad cónaithe i 2015 mar gheall ar ábhair imní a bhí ann dá shábháilteacht agus tionchar díobháileach a bhain leis an socrúchán deiridh ina raibh sé. Bhí sé tar éis socrú isteach go maith agus bhí súil aige fanacht sa cheantar. Ní raibh sé ag iarraidh filleadh ar a bhaile dúchais mar gheall ar rudaí a tharla dó ansin roimhe seo.

Bhain Eoin ocht mbliana déag d'aois amach i 2016. Bhí imní ar an mbainisteoir cúram sóisialta nach raibh aon socrúchán iarchúraim déanta d'Eoin sa cheantar ina bhfuil sé faoi láthair, áit a raibh sé ag iarraidh fanacht. Bhí foireann Oibrithe Sóisialta Eoin tar éis a mholadh go bhféadfaidís oibreoir iarchúraim agus clár a sholáthar sa cheantar ina mbíodh sé ina chónaí roimhe seo, ach ní ina cheantar nua. Mhaígh an bainisteoir cúram sóisialta go mbeadh easpa seirbhísí iarchúraim sa cheantar nua díobhálach d'Eoin agus bhí imní ann maidir lena shábháilteacht más amhlaidh go raibh air filleadh ar an gceantar ina mbíodh sé roimhe seo.

An rud a rinne muid

Chuaigh muid i dteagmáil le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus d'iarr muid orthu maidir le cén cúiteamh a d'fhéadfadh bheith ar fáil agus cén chaoi a raibh leas Eoin á chur san áireamh. Leag muid béim ar an bpráinneacht a bhain leis na hábhair imní a bhí i gceist agus rinne muid réiteach áitiúil a spreagadh.

Toradh

Chuir Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, in iúl dúinn go raibh oibrí iarchúraim ceaptha d'Eoin dá cheantar nua agus go raibh plean beartaithe chun tascanna ullmhúcháin a chur i gcrích leis an duine óg. De réir Cáipéis Polasaithe agus Nósanna Imeachta um Sheirbhísí Fágála agus Iarchúraim 2011, samhlaíodh go soláthródh seirbhís iarchúraim an cheantair nua an t-oibrí le haghaidh comhairle agus treorach agus go soláthródh ceantar dúchais Eoin an phríomhthacaíocht airgid.


Bhí na cáipéisí ar fad a bhí ag teastáil maidir le hiarchúram Eoin comhlánaithe ag a oibrí sóisialta, lena n-áirítear a dhréachtphean iarchúraim, an cháipéisíocht um ullmhúchán dá fhágáil agus measúnacht ar riachtanais.

Dhearbhaigh an bainisteoir cúraim sóisialta leis an Oifig go raibh gach tacaíocht a bhí riachtanach d'Eoin curtha ina áit. Tar éis do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, na céimeanna seo a ghlacadh, na dearcaidh dhearfacha a léirigh Eoin agus an gearánach, chinn muid nach raibh aon imscrúdú breise ag teastáil os rud é go raibh na páirtithe ar fad sásta.

3.8. Sláinte

Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar chomhréir na ngearán a bhaineann le seirbhísí sláinte (féach Tábla 3). Bhain formhór na ngearán seo i 2016 le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (78%) agus rinneadh 22% eile de na gearáin i leith na n-ospidéal.

D'fhan na príomhcheisteanna a bhain le cúrsaí sláinte a ndearnadh gearáin fúthu comhsheasmhach, den mhórchuid, le blianta roimhe seo. San áireamh anseo tá: teacht ar sheirbhísí cúraim phríomhúil, ar nós seirbhísí síceolaíochta, seirbhísí urlabhra agus teanga, agus seirbhísí ortódóntacha; liostaí feithimh do ghnáthaimh ospidéil; teacht ar sholáthar do leanaí le míchumais, lena n-áirítear measúnachtaí agus seirbhísí; agus teacht ar sheirbhísí speisialta meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh.



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

Follow

Niall i gColáiste Cholm Cille, Srath an Urláir, ag ullmhú le haghaidh an Bhabhta Rothaíochta in aghaidh an Fhéinmharaithe, Dún na nGall, agus ag tnúth go mór leis



Evelyn Mc Loughlin
@Eibhlin71

Follow

Finale ag #LetItGlow @OCO_ireland @CASAicide
#ShareTheJourney17 @olss Baile na Lorgan




RETWEETS
4

LIKES
9



10:26 AM - 13 Dec 2016

NAPD, CEIST, Helen McEntee TD and 3 others



Tom: Leanbh le míchumas in ospidéal in ionad bheith i gcúram cónaithe

Rinne máthair Tom teagmháil linn i 2016. D'inis sí dúinn go raibh míchumas intleachta ag Tom arbh é an chúis é lena iompraíocht dhúshlánach. Dá bharr seo níorbh fhéidir le Tom cónaí sa bhaile. D'aontaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh socrúchán fadtéarmach ag teastáil uaidh ach níor chuir siad an maoiniú ar fáil lena aghaidh. Bhí imní ar a mháthair mar go raibh Tom ag fanacht in ospidéal do leanaí mar nár sholáthraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte socrúchán cónaitheach dó. Bhí sé tar éis a bheith san ospidéal ar feadh trí mhí faoin am sin.

An rud a rinne muid

Chuaigh muid i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte láithreach. D'fhreagair siad ag rá go n-eagróidís teileachomhdháil sa chaoi go bhféadfaimis labhairt leis an mbainistíocht shinsearach faoin ngearán seo. Dúirt siad go raibh a fhios acu go raibh socrúchán ag teastáil ó Tom ach go raibh deacrachtaí acu an maoiniú lena aghaidh a eagrú. Mhol siad ina dhiaidh sin, áfach, go ndéanfaidís áit a mhaoiniú do Tom i saoráid phríobháideach.

Toradh

Scaoileadh Tom amach as an ospidéal agus cuireadh isteach é in aonad cónaitheach do leanaí le míchumas. D'inis a mháthair dúinn go raibh sé tar éis socrú isteach go maith ansin. Bhí sí den tuairim gurbh í an idirghabháil a rinne muidne a ghríosaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun socrúchán cuí a aimsiú do Tom.

D'inis Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dúinn go raibh Tom ar dhuine de líon leanaí a bhí i socrúcháin mhíchuí. Ní raibh siad in ann staitisticí a sholáthar dúinn, áfach. Dhún muid an gearán seo ach spreag muid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun sonraí a bhailiú ar líon na leanaí le míchumas a bhí i socrúchán míchuí. Tá imní orainn gur ceist cearta leanaí é seo agus tá sé i gceist againn tabhairt faoi seo níos mó sa bhliain 2017.

John: Seirbhísí Sláinte Mheabhrach de chuid Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Bhí John 14 bliana d'aois agus b'othar cónaitheach é ag ospidéal príobháideach síciatrach ag an am a rinne a thuismitheoirí gearán linn. Mhínigh a thuismitheoirí gur tagraíodh John don ospidéal príobháideach ag Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh mar an t-aon chóir leighis a moladh agus nár luadh aon rogha poiblí.

Nuair a glacadh John isteach san ospidéal, insíodh don teaghlach nach gclúdódh a gcomhlacht árachais sláinte an chóir leighis. Cé gur mheas an t-ospidéal go raibh gá cliniciúil ann go bhfaigheadh John cóir leighis mar othar cónaitheach, níorbh acmhainn don teaghlach an costas a bhain leis an gcóir leighis a íoc, os cionn €1,000 in aghaidh an lae. D'inis an teaghlach dúinn nach raibh aon leaba poiblí ar fáil do John mar othar cónaitheach.

An rud a rinne muid

Bunaithe ar an tionchar a tuairiscíodh agus an éifeacht leanúnach a bhí aige seo ar John, thosaigh muid iniúchadh luathaithe ar an mbaint a bhí ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis an gcás seo. Dhírigh ár n-iniúchadh ar eolas a fháil faoi na céimeanna a bhí á nglacadh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun freastal ar riachtanais láithreacha John agus spreag muid réiteach ar an ngearán seo ag leibhéal áitiúil.

De réir an dlí, ní féidir linn ach iniúchadh a dhéanamh ar ospidéal dheonacha, agus chiallaigh sé seo nárbh fhéidir linn ach gníomhaíochtaí an ospidéal phríobháidigh a iniúchadh sa chás seo. Maidir leis an gcomhlacht árachais sláinte, mhínigh muid do na tuismitheoirí go bhféadfaidís gearán a chur isteach chuig Ombudsman na Seirbhísí Airgeadais.

Toradh

Cé gur thóg Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ábhair imní maidir le gníomhaíochtaí an ospidéal phríobháidigh sa chás seo, d'aontaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nár cheart go gcaithfeadh John agus a theaghlach ualach airgeadais na mbotún a rinneadh i láimhseáil an cháis seo a íoc. D'aontaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cóir leighis John ag an ospidéal príobháideach a íoc ar an mbunús go raibh baint ag Foireann Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh leis an bplean cúraim. Chomh maith leis sin, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tiomantas go rachadh Foireann Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh i mbun plé leis an teaghlach agus go gcabhródís le haistriú John chun an bhaile tar éis dó bheith scaoilte saor ón ospidéal.

3.9. Ceartas agus coinneáil na n-óg

Tharla an chéim dheiridh nuachóirithe ag Campas Coinneála Bhaile an Oibricigh i 2016. Ba bhliain dhúshlánach a bhí ann don fhoireann, don lucht bainistíochta agus do na daoine óga a bhí faoi choinneáil.

Bhí díospóidí tionsclaíocha ann de dheasca chorrail na foirne oibre agus sa deireadh thiar bhí stailceanna ann. Bhí streachailt ann chun an líon riachtanach ball foirne a earcú leis an acmhainn nua a chlúdach, rinne na daoine faoi choinneáil roinnt iarrachtaí chun éalú as, bhí imní ann faoi shábháilteacht na mball foirne agus tharla eachtraí éagsúla ina ndearnadh damáiste don champas féin.



Le linn na ndíospóidí tionsclaíocha, rinne an tOmbudsman do Leanaí teagmháil leis an dá cheardchumann i gceist, chomh maith leis an mbord bainistíochta, chun iad a ghríosú le smaoineamh ar leas na ndaoine óga faoi choinneáil maidir le pleanáil na stailceanna agus idirbheartaíocht ar aon chomhaontú. Thug an tOmbudsman do Leanaí cuairt ar an gcampas freisin agus bhuail sé leis na daoine óga ar bhain an stailc leo. Rinne sé idirbheartaíocht freisin san anailís a rinneadh idir mhí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2016 ag na hOllúna Barry Goldson agus Tom Hardwicke, agus é de chuspóir acu athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh ó thaobh na gcleachas is fearr agus na gcaighdeán idirnáisiúnta de.

Bhuail baill d'fhoireann na ngearán agus na n-íniúchta le foireann oibre Bhaile an Oibricigh le hullmhúchán a dhéanamh do sheisiún rialta 'in-reach' sa bhliain 2017. Déanfaidh na seisiún seo é a éascú do dhaoine óga, don lucht oibre agus do theaghlaigh gearáin a dhéanamh linn más mian leo. Fuair muid seacht ngearán faoi Bhaile an Oibricigh i 2016. Bhain siad seo le gearáin maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na seirbhíse.

Rinne muid teagmháil freisin le príosún Pháirc na Cruithneachta agus muid ag smaoineamh ar sholáthar den chineál céanna a bhunú do na daoine óga atá faoi choinneáil ansin.



3.10. Tithíocht

Mar a luadh roimhe, chonacthas méadú i líon na ngearán tithíochta a fuarthas. I dtábla 5 thíos léirítear miondealú ar na gearáin seo. Chuimsigh teacht ar thithíocht oiriúnach an chatagóir is mó de na gearáin faoi thithíocht (78%). Dhá cheann de na príomhcheisteanna a éiríonn sa chatagóir seo baineann siad le tithíocht oiriúnach do leanaí le míchumais agus le heaspa dídine.

Tábla 5 Miondealú ar Ghearáin Tithíochta

Teacht ar thithíocht oiriúnach	78%
Cóiríocht do Thaistealaithe	10%
Oiriúnacht do chomharsanacht/Ábhair Imní um Iompar Frithshóisialta	9%
Cinntí/próisis pleanála	3%

San áireamh i measc na bpríomhábhar a bhain le tithíocht a ndearnadh gearáin fúthu bhí: riarachán scéimeanna tosaíochta; oiriúnú tithíochta do leanaí le míchumais; trédhearcacht sa chinnteoireacht agus cumarsáid. Fuair muid freisin líon níos mó gearán ó theaghlaigh atá gan dídean.

Is ábhar suntasach é an teip chun sainphleanáil a dhéanamh le haghaidh leanaí i bpolasaí agus i reachtaíocht tithíochta, nó fiú chun leanaí a chur san áireamh. Thóg muid na hábhair imní seo atá againn leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn dréachtú an Phlean um Éire á hAtógáil. Is ceist í seo a bhfuil sé i gceist againn tuilleamh iniúchta a dhéanamh uirthi i 2017.

We all need a home
So as to have a roof
over our heads and a
sense of safety. A home
is something everyone needs
because usually it's the
base of family life #AHome



Teaghlaigh ar liostaí feithimh le haghaidh tithíochta údaráis áitiúil

Fuair muid gearáin maidir leis an bhfad ama a raibh ceithre theaghlach ag fanacht le tithíocht shóisialta a fháil sa cheantar céanna údaráis áitiúil. Rinneadh na gearáin ar son naonúr leanaí (bhí ceathrar leanaí ag teaghlach amháin, triúr ag teaghlach eile agus bhí beirt theaghlach a raibh leanbh amháin acu beirt).

- Bhain dhá ghearán go bunúsach leis an gcinneadh a rinne an t-údarás áitiúil chun iarratas an teaghlaigh a chur siar mar gheall ar iompraíocht fhrithshóisialta tuismitheora.
- Bhain dhá ghearán le leanaí a bhfuil míchumas orthu. Bhí teaghlach amháin ag fanacht le teach agus bhí teaghlach eile ag fanacht le hoiriúnuithe bheith déanta ar a dteach.

An rud a rinne muid

Bhuail muid leis an údarás áitiúil agus d'iarr muid orthu a mhíniú dúinn cén chaoi a:

- n-oibríonn siad an scéim leithdháilte agus cén chaoi a dtugann siad tosaíochtaí d'iarratais;
- ndéanann siad cinntí maidir le hiarratais a chur siar;
- measann siad agus a ndéanann siad cothromú ar riachtanais leanaí agus iad ag déanamh cinntí faoi leithdháileadh tithíochta; agus
- ndéanann siad cumarsáid le teaghlaigh.

Scéim leithdháilte agus beartú tosaíochta

D'inis an t-údarás áitiúil dúinn go bhfuil a scéim leithdháilte agus na critéir tosaíochta leagtha síos san Acht Tithíochta, a leagann síos an chéad chatagóir ann mar dhaoine gan dídean. Má rangaítear teaghlaigh mar theaghlach gan dídean ní fhaigheann siad aon tosaíocht bhreise má bhíonn leanbh sa teaghlach a bhfuil míchumas air.

D'inis an t-údarás áitiúil dúinn go bhfuarthas áitreabh do cheann amháin de na teaghlaigh a bhfuil leanbh le míchumas ann, agus go raibh pleanáil i leith na n-oiriúnuithe riachtanach don teaghlach eile beagnach i gcrích.

D'inis siad dúinn freisin go raibh na teaghlaigh tar éis bheith ag fanacht chomh fada sin mar gur dhiúltaigh tuismitheoirí na leanaí do thairiscintí eile tithíochta.

Iarchuir

D'inis an t-údarás áitiúil dúinn go ndéanann baill foirne cinntí faoi riosca iarratasóirí maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta nó a n-athchiontú bunaithe ar dhéine agus ar mhinicíocht a gcuid iompraíochta roimhe.

D'admhaigh an t-údarás áitiúil nárbh é an rogha idéalach é an úsáid a bhaineann siad as óstáin mar chóiríocht éigeandála do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu ach nach raibh aon aonad acu do dhaoine gan dídean.

Riachtanais leanaí a mheas

Dúirt an t-údarás áitiúil go ndéantar riachtanais leanaí a mheas de réir gach cáis ach nach bhfuil an gá chun seo a dhéanamh follasach i reachtaíocht um thithíocht. Mhol an chomhairle áitiúil go mbíonn foireann shóisearach mar ionadaithe acu ar Choiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine óga. Mhol muid gur fóram úsáideach iad na Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine óga, áit ar féidir leis an údarás áitiúil plé a dhéanamh ar cheisteanna leanaí le príomhpháirtithe leasmhara eile sa cheantar.

Cumarsáid le teaghlaigh

Thug an t-údarás áitiúil le fios go ndearna sé cumarsáid le hiarratasóirí ar bhonn rialta. D'inis tuismitheoir dúinn, áfach, gur chuir an t-údarás áitiúil glaoch uirthi le rá gur faomhadh a hiarratas le hoiriúnú a bheith déanta ar a teach ach nach bhfuair sí aon rud i bhfoirm scríbhinne.

Toradh

Braitheann leanaí i dteaghlaigh atá ag fanacht le tithíocht shóisialta nó le hoiriúnú i leith míchumais cruatan nuair is gá dóibh fanacht i gcóiríocht éigeandála mhíchuí ar feadh tréimhse fada ama nó nuair is gá dóibh cónaí i dteach nach bhfuil oiriúnaithe chun freastal ar a riachtanais. Níor bhain na héifeachtaí díobhálacha seo, sna cásanna seo, go díreach le gníomhaíochtaí riaracháin an údaráis áitiúil.

Mar sin de, ní dhearna muid tuilleamh iniúchta ar na gearáin seo. Scríobh muid, mar sin féin, chuig an údarás áitiúil agus chomhairligh muid dó:

- treoir áitiúil a fhorbairt don fhoireann oibre maidir le cinnteoireacht ó thaobh iarchur de, cheal treoir náisiúnta. Ba cheart sainmhíniú soileir a dhéanamh ar choincheapa maidir le minicíocht agus géire athchiontaithe sa chaoi go mbíonn cinntí comhsheasmhach.
- Smaoineamh ar athruithe a dhéanamh ar roinnt cleachtas riaracháin nár ghá aon athrú reachtaíochta a dhéanamh orthu. Mar shampla, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le húsáideoirí seirbhísí agus é seo a leanúint le cumarsáid scríofa maidir le haon phríomhchinneadh a dhéantar.
- Cinntiú go mbíonn ionadaíocht ag Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine óga ag leibhéal cuí sinsearachta.

Ar deireadh, scríobh muid chuig an Roinn nua Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag leagan amach réimsí a cheap muid gur cheart go ndéanfaí freastal orthu ag leibhéal náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'aibhsigh muid an gá chun freastal ar na tiomantais atá leagtha amach i dTorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga a d'fhoilsigh An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige sa bhliain 2014. Chomh maith leis sin, bhuail muid le hionadaithe ón Roinn le linn comhairliúcháin ar an bPlean um Éire a Atógáil ag tabhairt breac-chuntas ar na hábhair imní atá againn.

Simon: Míchumas linbh nach ndearna údarás áitiúil a chíoradh mar is ceart

Bhí Simon, a bhfuil míchumas forchéimnitheach air, 10 mbliana d'aois nuair a rinne a mháthair gearán linn. D'áitigh sí freisin go raibh sí tar éis a bheith ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil ar feadh timpeall is seacht mbliana agus nár táirgeadh cóiríocht chuí di in oiriúint do riachtanais a mic. Thóg sí ábhair imní freisin, os rud é nárbh é an Béarla a máthairtheanga, nár sholáthraigh an t-údarás áitiúil faisnéis shoiléir ar an bpróiseas um iarratas ar theach.

An rud a rinne muid

Rinne muid iniúchadh ar ghearán na máthar. Mar chonclúid ar an iniúchadh seo aimsíodh an t-eolas seo a leanas:

- Go raibh an t-údarás áitiúil tar éis catagóiriú mícheart a dhéanamh ar iarratas an teaghlaigh maidir le pointí leighis le seacht mbliana;
- Nár áirigh próiseas bronnta pointí ar bhonn leighis, ar bhealach leordhóthanach go leor, riocht sláinte Simon;
- Ní raibh go leor maoirseachta ar an bpróiseas catagóirithe leighis;
- Ní dhearna an t-údarás áitiúil athbhreithiú leordhóthanach ar iarratas an teaghlaigh nuair a cuireadh faoina mbráid tuairiscí gairmiúla/leighis ar riocht agus ar riachtanais Simon;
- Níor áiríodh iarratas an teaghlaigh agus riachtanais Simon i gcruinnithe rialta a bhí ag an údarás áitiúil leis na Seirbhísí Teiripe Shaothair le seacht mbliana. Tharla sé seo mar go raibh an teaghlach ina gcónaí i gceantar riaracháin amháin agus ag teacht ar sheirbhísí Teiripe Shaothair i gceann eile;
- Níor ghlac an t-údarás áitiúil céimeanna leordhóthaineacha le freastal ar na deacrachtaí cumarsáide de bharr nárbh é an Béarla céad teanga na máthar.

Tháinig muid ar an gconclúid freisin go raibh drochthionchar ar na gníomhaíochtaí seo ar Simon nuair a theip orthu a riocht sláinte a chur san áireamh mar is ceart agus dá dheasca seo tá sé tar éis bheith ina chónaí i gcóiríocht mhíchuí le breis is ocht mbliana.

Rinne muid roinnt moltaí leis an údarás áitiúil chun dul i ngleic leis na ceisteanna a aithnítear thuas.

Toradh

Táirgeadh cóiríocht oiriúnaithe go speisialta do theaghlach Simon le linn dár n-iniúchadh bheith ar siúl. Rinne an Chomhairle breis oibre chun dul i ngleic le ceisteanna eile a tháinig chun solais maidir leis an teach seo.

Tá athbhreithniú déanta ag an údarás áitiúil ar chleachtais riaracháin maidir le bronnadh pointí leighis ar iarratasóirí tithíochta. Tabharfar ar aird oibrithe an údaráis áitiúil cáipéisíocht tacaíochta a bhaineann le hiarratasóirí tithíochta a bhfuil míchumas orthu nó riachtanais leighis acu agus seans go mbronnfar pointí breise. Tagraíonn Seirbhísí Teiripe Shaothair cliaint chuí don údarás áitiúil le go dtógfar a gcuid riachtanas ag cruinnithe. Molann foireann na Comhairle freisin d'iarratasóirí tithíochta gur cheart dóibh iarraidh ar a bhfoireann leighis chun a gcuid riachtanas tithíochta a thabhairt ar aird an údaráis áitiúil ag cruinnithe.

D'aontaigh an Chomhairle, nuair is féidir é, go soláthrófaí aistritheoir/ateangaire do chruinnithe réamhbheartaithe le cliaint nach é an Béarla a gcéad teanga agus cuirfear amach litir ina dhiaidh sin ina dteanga dhúchais nuair a bhíonn na hacmhainní ann chuige sin.

Sophie: Tithíocht ar fáil do leanbh le míchumais

Chuaigh máthair Sophie i dteagmháil linn mar go raibh imní uirthi faoin achar ama a raibh a teaghlach tar éis a bheith ar an liosta aistrithe tithíochta um thosaíocht leighis mar gheall ar riachtanais tithíochta a hiníne Sophie. D'inis sí dúinn:

- Go bhfuil roinnt riocht leighis ar Sophie, atá 10 mbliana d'aois, a chuireann isteach ar a luaineacht.
- Tugadh tosaíocht aistrithe don teaghlach ar fhorais leighis; ní raibh, áfach aon athrú ar a riocht ó mhí Meán Fómhair 2014 ann.
- Bhí drochthionchar ag iompraíocht fhrithshóisialta sa cheantar ar an teaghlach agus bhí eagla agus imní ar Sophie mar gheall air sin.

An rud a rinne muid

Chuaigh muid i dteagmháil leis an údarás áitiúil le fáil amach cén áit ar an liosta aistrithe a raibh an teaghlach faoi láthair. Mhaígh an t-údarás áitiúil go raibh an teaghlach ar an tosaíocht is airde ar an liosta aistrithe le haghaidh bungaló le trí sheomra leapa nó le haghaidh teach a bhfuil seomra leapa thíos staighre ann. Mhaígh an t-údarás áitiúil, áfach, nach raibh aon chóiríocht chuí ar fáil nó le bheith ar fáil láithreach.

Chun drochthionchar na moille ar shláinte agus ar leas Sophie a laghdú, d'iarr muid ar an údarás áitiúil measúnú a dhéanamh ar más amhlaidh go bhféadfaí aistriú sealadach sábháilte a shocrú go dtí go n-aithneofaí cóiríocht oiriúnaithe chuí do Sophie.

Toradh

Laistigh de chúig seachtaine shainaithin an t-údarás áitiúil teach sealadach. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2016, bhog teaghlach Sophie isteach sa bhungaló dhá sheomra leapa, a bhí suite ina rogha ceantair agus cóngarach do theaghlach sínte Sophie agus dá scoil. Dhearbhaigh an t-údarás áitiúil gur shainaithin siad teach buan, oiriúnaithe go speisialta, sa cheantar céanna agus go mbeidh sé ar fáil don teaghlach le bogadh isteach ann i 2017.

Sarah: An tionchar a bhíonn ag cíósanna a bhíonn i gcónaí ardú agus easpa dídine dá dheasca sin

Rinne teaghlach gearán ar son a n-iníne, Sarah, atá seacht mbliana d'aois. Tá hidriceifileas ar Sarah agus riachtanais eile leighis. Tharla don teaghlach bheith gan dídean tar éis díolachán cóiríocht phríobháideach a bhí ar cíós acu. Chuir siad in iúl don údarás áitiúil faoina n-easpa dídine agus mhol siadsan dóibh nach mbeadh aon tseirbhís ar fáil dóibh mar dhaoine gan dídean go dtí go gcuirfidís iad féin i láthair mar dhaoine gan dídean. Comhairlíodh iad maidir leis na tacaíochtaí a bhí ar fáil ó thaobh iarrachtaí de chun a dtionóntacht a choinneáil. Ós rud é nach raibh siad in ann fanacht ina dteach a bhí acu ar cíós agus ní raibh siad in ann teacht ar chóiríocht eile a bhí in acmhainn dóibh, bhí an teaghlach tar éis bheith ina gcónaí in óstán le roinnt míonna agus chaith siad oícheanta sa charr nuair nach raibh lóistín óstáin acu.

An rud a rinne muid

Chuaigh muid i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla ag lorg a bhfreagra agus le fiosrú faoi cad a d'fhéadfadh bheith ar fáil do na teaghlach seo i bhfianaise ar riachtanais Sarah.

I gcás Sarah, bhí imní orainn maidir leis an achar ama a bhí á chaitheadh ag leanbh, ar bhí ar an liosta um thosaíocht leighis agus ar an liosta feithimh do dhaoine gan dídean araon, i gcóiríocht óstáin. Bhí imní orainn maidir leis an tionchar a bhí á imirt aige seo ar a sláinte, ar a rochtain ar sheirbhísí agus ar oideachas. Bhí imní orainn freisin faoin gcaoi a raibh an t-údarás áitiúil ag déanamh a cás a riar.

Torthaí

Le linn dúinn iniúchadh a dhéanamh ar chás Sarah, táirgeadh teach oiriúnach don teaghlach agus ghlac an teaghlach leis agus chríochnaigh muid an bhaint a bhí againn leis an gcás ar an mbonn go raibh an gearán réitithe. §§



NICCY
@nichildcom

[Follow](#)

Iontach bualadh leis na Coimisinéirí agus leis an [@DrJamesReilly](#) le plé ar dheireadh a chur le pionós corpartha a chur ar leanaí in Éirinn



RETWEETS
8

LIKES
13



8:04 AM - 21 Jan 2016



[Retweet](#) 8

[Like](#) 13



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

[Follow](#)

Coláiste na nDoiminiceach agus Bunscoil Dhún Búinne ag glacadh páirt i gcomhairliúchán [#Tuneln](#) Ag insint dúinn cén chaoi ar mian le daoine óga foghlaim faoina gcuid ceart.



RETWEET
1

LIKES
2



8:04 AM - 28 Oct 2016



[Retweet](#) 1

[Like](#) 2

Caibidil 4
Ag cur chun
cinn cearta
agus leas
leanaí

Ag obair ar fheasacht ar chearta le linn 2016



Comhairliúchán
le leanaí agus le
daoine óga


Teagmháil le
leanaí ar fud
na tíre

Comhlachtaí
poiblí a
spreagadh
chun cearta
agus leas an
linbh a chur
chun cinn



Comhairle a
chur ar fáil
ar bheartais
agus ar
reachtaíocht

Teagmháil le
meicníochtaí
monatóireachta
idirnáisiúnta
amhail an UNCRC
agus an UPR.



4.1. Ról Oifig an Ombudsman do Leanaí i gcur chun cinn cearta agus leas leanaí

Faoi Alt 7 den Acht, tá sainchúram reachtúil ar an Ombudsman do Leanaí cur chun cinn a dhéanamh ar chearta agus ar leas leanaí.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil na dualgais seo a leanas i measc dualgas an Ombudsman do Leanaí:

- Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le haon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear an tionchar is dócha a d'imreodh aon mholadh i leith reachtaíochta.
- Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le forbairt agus comhordú polasaí a bhaineann le leanaí.
- Comhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéal dheonacha a ghríosú chun polasaithe, cleachtais agus nósanna imeachta a forbairt a chuireann chun cinn cearta agus leas leanaí.
- Eolas a bhailiú agus a scaipeadh ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí.
- Feasacht a chur chun cinn i measc an phobail, maidir le leanaí, ar chúrsaí a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus an chaoi is féidir na cearta sin a chur i bhfeidhm. San áireamh anseo tá prionsabail an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh.
- Dul i gcomhairle le leanaí agus measúnú ceart a thabhairt dá dtuairimí de réir a n-aoiseanna agus a dtuiscint.
- Aird a tharraingt ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus ar cás le leanaí iad.
- Eolas a mhalartú agus comhoibriú leis an Ombudsman do Leanaí i dtíortha eile.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht reachtaíochta a bhaineann le hábhair um chearta agus leas leanaí.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar Acht an Ombudsman do Leanaí 2002 agus moltaí a dhéanamh nuair is gá chun an tAcht a leasú.

Is féidir go mbeadh an tOmbudsman do Leanaí ag tabhairt faoi, ag cur chun cinn nó ag foilsiú taighde ar ábhar ar bith a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

4.2. Feasacht ar Chearta agus Clár Oideachais

Ceardlanna um oideachas ar chearta do leanaí agus do dhaoine óga

Le linn na bliana 2016, rinne muid ceardlanna rialta oideachais ar chearta leanaí do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar an oifig lena scoileanna agus le seirbhísí óige. Is cuid chroílárnach iad na ceardlanna seo ar ár gclár um fheasacht cearta agus oideachais. Is deis luachmhar siad seo dúinn fós chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le leanaí agus daoine óga d'aoiseanna éagsúla, atá ina gcónaí i gcodanna éagsúla den tír agus in imthosca éagsúla.

Thug os cionn 970 leanbh agus duine óg ó scoileanna agus ó sheirbhísí óige i 17 gcontae cuairt orainn sa bhliain 2016 chun foghlaim faoinár gcuid oibre agus faoi chearta leanaí, agus chun plé a dhéanamh ar a gcaoi a nascann cearta leanaí lena saol laethúil. Bhí deis acu freisin chun plé a dhéanamh ar a dtuairimí agus chun a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an gcúis a bhfuil tábhacht le cearta faoi leith atá ag leanaí.

Is féidir féachaint ar chuid de na tuairimí a roinn leanaí agus daoine óga le linn na gceardlann seo anseo:

expressing yourself is important in many different ways.

- Important to be yourself.
- Happier when your not pretending to be something your not.

#Be happy #Be you

The right to health care keeps you fit and healthy. Childrens rights are very important and people should respect that!



#STAND UP FOR KIDS!!



Ó mhí Mheán Fómhair go Nollaig 2016, thug go leor grúpaí leanaí agus daoine óga cuairt orainn freisin mar chuid den chomhairliúchán 'Bí Linn', áit ar lorg muid a gcuid tuairimí maidir le bealaí maithe a d'fhéadfaimis feachtas um chearta leanaí a mhéadú amach anseo sa todhchaí (faoi ar alt 4.3 thíos).

itsyourright.ie

Is ardán tiomnaithe é 'Is é do Cheart é' ag ardú feachtas ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn. Sa bhliain 2015, chríochnaigh muid an chéad chéim i mbunú 'Is é do Cheart é' mar mhol ar líne le haghaidh eolas soiléir agus éasca do leanaí agus don óige maidir le cearta leanaí, le fócas faoi leith ar chearta leanaí in Éirinn.

Le linn 2016, chuir muid an dara céim d'fhorbairt an ardáin i bhfeidhm. Chuir muid ábhar nua leis agus d'fhorbair muid rannóg nua dárb ainm 'Déan tuilleamh Fiosrúchán', atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar oideoirí. Sa rannóg seo den ardán tugtar nascanna chuig ábhair acmhainní um chearta leanaí. Chomh maith leis sin rinne muid obair le daoine óga chun dhá fhísean nua a chur le chéile, ceann amháin acu ag cur páistí agus daoine óga in aithne do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus físeán eile ag cur leanaí agus daoine óga ar an eolas maidir lenár gcuid oibre.

Leanfaidh muid linn ag déanamh forbartha ar 'Is é do cheart é' le linn na bliana 2017.

Seimineáir do mhic léinn iarchéime


Ba é 2016 an cúigiú bliain dár gclár seimineár do mhic léinn iarchéime. Tríd an gclár seo tá sé d'aidhm againn:

- Tuiscinte rannpháirtithe a fhorbairt maidir le cearta leanaí agus, ábharthacht cearta leanaí ach go háirithe de réir mar a bhaineann sé lena gcleachtas gairmiúil féin.
- Cleachtas agus cinnteoireacht leanbhlárnach a spreagadh, lena n-áirítear trí mheán cás-staidéar ag éirí as an obair a dhéanaimid i láimhseáil gearán.

Sa bhliain 2016, thug muid cúig sheimineár do mhic léinn i gcúig institiúid tríú leibhéal; Ollscoil na hÉireann Gaillimh; Ollscoil na hÉireann Bhaile Átha Cliath; Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath; Coláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. D'fhreastail beagnach 160 mac léinn ar na seimineáir, mic léinn a bhí ag dul do cháilíochtaí iarchéime san obair shóisialta, san oideachas, i gcosaint leanaí, agus is staidéir leanaí agus óige.

Thug muid léachtaí freisin do thart ar 200 mac léinn a bhí ag dul do Mháistir Gairmiúil san Oideachas sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus in Ollscoil Mhá Nuad, chomh maith le léacht a thabhairt do mhic léinn i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige i gColáiste Inse Chór.

Le cúig bliana anuas, tá muid tar éis an clár seo a sheachadadh go hiondúil idir mhí Mheán Fómhair agus thacaigh muid le rannpháirtithe chun cuairt a thabhairt ar shuíomh ár n-oifige le páirt a ghlacadh sa chlár. Sa bhliain 2017, tá sé beartaithe againn an plean seo a chur chun feidhme le linn na bliana agus seimineáir agus léachtaí a óstáil ar an suíomh agus ar bhonn for-rochtana. Tríd an gclár a oiriúnú ar an gcaoi seo, tá súil againn an clár a chur ar fáil chuig grúpa níos leithne scoláirí.



4.3. Comhairliúchán le leanaí agus daoine óga

An Comhairliúchán ‘Bí Linn’

Sa bhliain 2016 d’fhoilsigh muid ár bPlean Straitéiseach 2016-2018. Ar cheann de na cuspóirí tá sé i gceist feasacht a ardú maidir le cearta leanaí agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga.

Mar sin de rinne muid comhairliúchán tiomanta do chluas le héisteacht a thabhairt do thuairimí agus smaointe leanaí agus daoine óga maidir le bealaí maithe chun go n-ardóimis feasacht maidir le cearta leanaí sa todhchaí.

Bhí trí chuid ag baint leis an gComhairliúchán ‘Bí Linn’, a bhí ar siúl idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2016:

- Tugadh cuireadh do leanaí agus do dhaoine óga i scoileanna, in ionaid Ógtheagmhála agus i seirbhísí óige ar fud na tíre chun páirt a ghlacadh i ‘Bí Linn’. D’fhorbair muid ábhair acmhainní chun cabhrú le múinteoirí, le hoideoirí Ógtheagmhála agus le hoibrithe don aos óg chu éascú a dhéanamh leis na leanaí agus daoine óga a n-oibríonn siad leo a gcuid tuairimí agus smaointe a roinnt linn.
- Thug leanaí agus daoine óga cuairt orainn mar chuid dár gclár Saceardlann chun a gcuid tuairimí agus smaointe do ‘Bí Linn’ a chur in iúl.
- Rinne muid roinnt ceardlann tiomanta comhairliúcháin taobh amuigh den oifig chun breith ar na tuairimí agus na smaointe atá ag leanaí agus ag daoine óga nach mbeadh cloiste againn murach go ndearna muid sin.
- Ar an iomlán, ghlac 2,148 leanbh agus duine óg, i 94 grúpa. ó 71 scoil, ó ionaid Ógtheagmhála agus ó sheirbhísí óige suite i 21 contae páirt i ‘Bí Linn’.
- D’iarr muid ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhí rannpháirteach a gcuid tuairimí agus smaointe a roinnt linn trí fhreagra a thabhairt ar cheithre cheist oscailte.
- Cén áit ar mhaith leat eolas a fháil faoi chearta leanaí agus faoi chearta daoine óga?
- Cén duine/cé na daoine a mbeifeá sásta agus a mbeadh muinín agat as/astu le heolas a thabhairt maidir le cearta leanaí agus daoine óga?
- Conas ar mhaith leat go ndéanfaí eolas maidir le cearta leanaí agus daoine óga a chur i láthair?
- Cén cineál eolais a bhfuil spéis agat fáil amach maidir le cearta leanaí agus daoine óga?

Tá achoimre den chéad chúig fhreagra ar gach ceist le feiceáil thíos:

Cén áit ar mhaith leat eolas a fháil faoi chearta leanaí agus faoi chearta daoine óga?

Cén áit?	Grúpaí (as 94 ghrúpa)
Scoil	77 (82%)
Idirlíon/Suíomhanna idirlín	74 (79%)
Teilifís	41 (44%)
Na Meáin Shóisialta	37 (39%)
Leabharlann	31 (33%)

Cén daoine/cé na daoine a mbeifeá sásta agus a mbeadh muinín agat as/astu le heolas a thabhairt maidir le cearta leanaí agus daoine óga?

Cé?	Grúpaí (as 94 ghrúpa)
Múinteoir	79 (84%)
Tuismitheoir/Caomhnóir	77 (82%)
Oifig an Ombudsman do Leanaí	55 (56%)
Teaglach sínte/Gaolta	48 (51%)
Cairde/Piaráí	42 (45%)

Cén chaoi ar mhaith leat go gcuirfí eolas faoi pháistí agus faoi chearta daoine óga i láthair?

How?	Grúpaí (as 94 ghrúpa)
Fógraíocht*	52 (55%)
Físeán	50 (53%)
Caint/Cur i láthair ag cainteoir seachtrach/ aoichainteoir	47 (50%)
Póstaeir/Fógraí	40 (43%)
Bileog/Leabhrán/Bileog eolais	28 (30%)

San 'fhógraíocht' cuimsítear suíomhanna éagsúla don fhógraíocht a mholann leanaí agus daoine óga, e.g. clá@ fógraí in áiteanna poiblí, póstaeir i scáthlár bus, fógraí ar an teilifís, fógraí sa phictiúrlann, fógraí ar na meáin shóisialta, fógraí ar phacáistiú, etc

Cad iad na cineálacha píosa eolais a bhfuil spéis agat a fháil amach faoi maidir le cearta páistí agus daoine óga?

D'fhreagair formhór na ngrúpaí rannpháirteacha, 94 grúpa ar fad, an cheist seo trí cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí agus ar mhaith leo breis eolais a bheith acu air a thabhairt chun solais. San áireamh anseo bhí:

- bheith slán sábháilte ó dhochar
- príobháideacht
- oideachas
- cúramsláinte
- go gcaitear go cothrom le duine/gan leithcheal
- eolas
- go n-éistítear le duine agus go gcuirtear a c(h) tuairimí san áireamh
- fostaíocht don aos óg
- tithíocht agus easpa dídine
- náisiúntacht
- saorántacht

roinn 34 grúpa a gcuid smaointe faoi chineálacha faoi leith eolais a mbeadh spéis acu a fháil amach maidir le cearta leanaí. Sa tábla thíos aibhsítear an chéad chúig chineál píosaí eolais a liostáil siad:

Cad?	Grúpaí (34 ghrúpa)
Scéal ón bhFíorshaol/Scéalta Fíora	19 (56%)
Fíricí/Staitisticí	13 (38%)
Cás-staidéir	10 (29%)
Samplaí	7 (21%)
Eolas maidir le seirbhísí tacaíochta do leanaí	5 (15%)

Léirigh leanaí agus daoine óga spéis i bhforbairt a dhéanamh ar a dtuiscint ar chearta leanaí. Ba mhaith leo bheith ar an eolas faoi:

- An chiall atá le 'cearta' a bheith ag duine
- Cé tá freagrach as féachaint i ndiaidh ceart leanaí
- Cén ról atá ag an rialtas maidir le cearta leanaí
- Cad iad na dlíthe a théann i bhfeidhm ar leanaí agus ar chearta daoine óga agus cén chaoi a gcuirtear na dlíthe i bhfeidhm
- Na rudaí a bhfuil leanaí agus daoine óga i dteideal a fháil agus a dhéanamh agus nach bhfuil siad i dteideal a fháil ná a dhéanamh

- Na rudaí is féidir le daoine óga a dhéanamh má cheapann siad nach bhfuil meas nó cosaint ar a gcearta
- An chaoi is féidir cabhrú le leanaí agus le daoine óga nach bhfuil meas ar a gcearta

Bíonn spéis ag daoine óga freisin teacht ar bhreis eolais maidir le hobair Oifig an Ombudsman do Leanaí, lena n-áirítear an obair a dhéanaimid le gearáin.

Tar éis dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an aischothú ar fad a fuair muid, tá beartaithe againn na céimeanna seo a leanas a ghlacadh le linn na chéad dhá mhí dhéag go hocht mí dhéag amach romhainn:

1. Leanfaimid de bheith ag forbairt an ardáin 'Is é do Cheart É'. Beidh muid ag obair chun breis ábhair a chur leis sa chéad 12 mí amach romhainn a chuirfidh eolas ar fáil ar an oiread de na ceisteanna a tógadh i 'Bí Linn' agus is féidir.
2. Cruthóidh muid agus roinnfidh muid ábhair nua oideachasúla faoi chearta leanaí agus daoine óga.
3. Oibreoidh muid i dtreo feasacht a fhorbairt ar chearta leanaí, agus ar Oifig an Ombudsman do Leanaí, i measc tuismitheoirí/caomhnóirí, agus ar na meáin shóisialta freisin. Beidh sé mar aidhm againn eolas a chur i láthair ar bhealaí a thacóidh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun an t-eolas seo a roinnt lena leanaí.
4. Déanfaidh muid forbairt ar roinnt gearrfhíseán nua a chuirfidh cás-staidéir ar fáil de ghearáin a rinne leanaí nó a rinneadh ar son leanaí agus daoine óga, rudaí atá ar Oifig an Ombudsman do Leanaí tar éis déileáil leo.
5. Déanfaidh muid measúnú air, fiú leis an bhfoireann bheag atá againn, cén chaoi a bhféadfadh muid oibriú ar bhealaí nua agus éagsúla chun freastal ar níos mó leanaí agus daoine óga, níos minice agus chun iad a chur ar an eolas faoi chearta leanaí agus faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí
6. Mar a mhol na daoine óga a ghlac páirt i 'Bí Linn' tá sé d'aidhm againn freisin fógra a dhéanamh sa chéad 12 mhí amach romhainn.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na leanaí agus na daoine óga a roinn a gcuid smaointe linn agus leis na múinteoirí, na hoideoirí Ógtheagmhála agus na hoibrithe óige a thacaigh leo chun bheith páirteach sa chomhairliúchán 'Bí Linn'.



Ár mbuíochas libh as páirt a ghlacadh i *Bí Linn*:

Scoil Mhuire, an Tulach Mhór	Scoil Náisiúnta Dhroichead an Chláir, Inis	Meánscoil Mhuire na Trócaire, Port Láirge
Scoil Náisiúnta Naomh Labhrás, Béal Átha an Tuair	Ógtheagmháil Mhuinchille	Ionad Ceart Imirceach na hÉireann
Coláiste Naomh Clár, Baile Shéamais Dhuibh	Scoil Náisiúnta Mhuire Mháthair an Dóchais, Teach Chainnigh	Scoil Niocláis, Gort Phroinsias
An Mhodscoil, Dún Mánmhaí	Scoil Náisiúnta Mhuire, Cnoc Rátha	Coláiste Áth na Sráide, Ráth Garbh
Bunscoil Shinsearach Naomh Caitríona, an Chabrach	Foróige, Baile Bhláinséir	Eoin Dé, Stigh Lorgan
Coláiste Phobal Naomh Áine, Cill DaLua	Scoil Náisiúnta Naomh Saviours, Ráth Droma	Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, An Droichead Nua
Scoil Naomh Lorcaín, Baile Átha Í	Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Ráth Fearnáin, Ráth Fearnáin	Pobalscoil Chill an Ardáin, Baile an Faoitigh
Scoil Náisiúnta Thoinn an Tairbh, An Cheapach Mhór	Seirbhísí Óige Thuaim	Teach Malairte
Ardscoil Phádraig, Gránard	Scoil an Fhraoich Mhoir, Port Laoise	Scoil Naomh Eoin, Cill an Aird
Scoil Náisiúnta Ghleann an Smóil, Bóthar na Bruíne	Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Shráidbhaile Aston	Meánscoil Salesian, Luimneach
Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Theach Chainnigh, Ongar	Seirbhís Óige an Chláir	Ag Cumasú Daoine Faoi Chúram
Coláiste na bProinsiasach, Baile Uí Ghormáin	Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Seanaidh, Béala Átha Seanaigh	Bunscoil Naomh Muire, An Mhaighean
Scoil Náisiúnta Naomh Iósaif, Sráidbhaile Liatroma	Scoil Náisiúnta Naomh Treasa, an Caiseal	Coláiste an Leargaidh, Cluain Eois
Gaelscoil na Mí, Cill Dhéagláin	Comhairle na nÓg, Béal an Átha	Youthbank, an Longfort
Coláiste Doiminiceach, Gaillimh	Gaelscoil Nás na Ríogh, an Nás	Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Baile Shláine
Scoil Naomh Cholmcille, Tulaigh Dhónaill	Scoil Náisiúnta Ráth Cheannaigh, an Uaimh	Meánscoil Naomh Iósaif, an Ros
Scoil Náisiúnta Fhaiche an Aonaigh, Béal Tairbirt	Obair Óige, an Mhí	Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Baile Átha Fhirdhia
Coláiste Phobal na Gráinsí, Ros Mhic Thriúin	Scoil Náisiúnta Mhuire, Coill an Hóraigh, Bhaile na Móna	Scoil Naomh Bríd, an Magh
Scoil Naomh Phádraig, Baile Bhriain	Bunscoil Shinsearach Dhún Búinne, Dún Búinne	Coláiste Cnoic an tSamhraidh, Sligeach
Scoil Náisiúnta Ghlas Naíon, Glas Naíon	Foróige, Tamhlacht	Glórtha Amach Anseo
Ionad Oideachais Ros Cré	Scoil Náisiúnta Mhuire Lourdes, Baile an Locha	Scoil Il-sainchreidmheach Ragnallaigh, Ragnallach
Scoil Náisiúnta Naomh Déagláin, Cill Dhéagláin	Scoil Náisiúnta Naomh Aodháin, an tSionainn	Coláiste Calasanctius, Órán Mór
	Tionscadal d'Óige an Taoibh Thiar, Gaillimh	Seirbhís don Aos Óg Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas
	Scoil Mhuire na nGrást, Béal Guala	Painéal náisiúnta óige Fhoróige

Comhairliúchán le daoine óga maidir le héisteachtaí um Ordú Uchtála

Sa bhliain 2016, d'iarr Údarás Uchtála na hÉireann ionchur uainne maidir lena bplé ar an gcaoi a bhféadfadh le hÚdarás Uchtála na hÉireann treisiú a dhéanamh ar an soláthar go n-éisteofaí le leanaí agus le daoine agus go gcuirfí a gcuid tuairimí san áireamh i gcomhthéacs éisteachtaí um Ordú Uchtála a bhaineann dóibh.

D'aontaigh muid go mbeadh sé inmhianaithe tuairimí daoine óga a uchtaíodh a lorg agus iad siúd a raibh taithí acu roimhe seo de bheith ag freastal ar agus ag glacadh páirte in éisteachtaí um Ordú Uchtála lena dteaghlach.

I rithe 2016, chabhraigh muid le hÚdarás Uchtála na hÉireann i ndearadh, i bpleanáil agus i gcur chun feidhme comhairliúcháin le daoine óga. Tionóladh an comhairliúchán ag Údarás Uchtála na hÉireann i mí na Samhna agus thacaigh sé le daoine óga chun a gcuid tuairimí agus smaointe a chur in iúl ar:

- **Spás** - Cad iad na céimeanna, má tá aon chéim ann, a ghlacfadh Údarás Uchtála na hÉireann agus a dteaghlaigh nuair a fhreastlaíonn siad ar éisteacht um Ordú Uchtála chun é a dhéanamh níos fabhraí agus níos tacúla do leanaí agus do dhaoine óga.
- **Eolas** - Cén t-eolas, má tá aon eolas ann, ar chóir d'Údarás Uchtála na hÉireann a thabhairt do dhaoine óga sula bhfreastlaíonn siad ar éisteacht um Ordú Uchtála lena dteaghlaigh agus cén chaoi ar chóir an t-eolas seo a chur i láthair.
- **Éisteacht** - Cad iad na céimeanna, má tá aon chéim ann, a thógfadh Údarás Uchtála na hÉireann chun breis tacaíochta a thabhairt do dhaoine óga a gcuid tuairimí a chur in iúl ar an uchtaíl ionchasach, roimh an éisteacht um Ordú Uchtála agus le linn na héisteachta féin.
- **Dearbhú** - Cad, má tá aon rud ann, a thabhfadh nó a dhéanfadh Údarás Uchtála na hÉireann do leanaí agus do dhaoine óga chun aitheantas a thabhairt don ócáid agus in ómós na hócáide gur deonaíodh a nOrdú Uchtála.

Rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Údarás Uchtála na hÉireann comhéascú ar an gcomhairliúchán agus bhain siad úsáid as réimse modhanna bunaithe ar ghníomhaíochtaí chun tacú leis na daoine óga a bhí rannpháirteach ann a gcuid tuairimí agus smaointe a chur in iúl.

Chlúdaigh moltaí na ndaoine óga ceithre réimse leathan:

1. Gur chóir an spás in Údarás Uchtála na hÉireann a dhéanamh níos fáiltí.
2. Gur chóir d'Údarás Uchtála na hÉireann eolas a chur chuig daoine óga faoin éisteacht um Ordú Uchtála sula bhfreastlaíonn siad ar an éisteacht.

3. Gur chóir d'Údarás Uchtála na hÉireann dul i gcomhairle níos mó le daoine óga roimh agus le linn na héisteachta um Ordú Uchtála.
4. Gur chóir d'Údarás Uchtála na hÉireann dearbhú a thabhairt do dhaoine óga maidir lena n-ucháil ag an éisteacht.

San áireamh i measc na ngníomhaíochtaí atá á dtógáil ag Údarás Uchtála na hÉireann mar fhreagairt ar mholtaí na ndaoine óga tá:

1. Spás

- Tá athmhaisiú déantar ar an bhforhalla fáiltithe ag Údarás Uchtála na hÉireann chun é a dhéanamh níos gile agus tá breis bréagán curtha ann do pháistí níos óige.
- Tá athmhaisiú déanta ar na seomraí teaghlaigh ag Údarás Uchtála na hÉireann le nach mbeidh siad chomh foirmiúil níos mó agus go mbeidh cuma níos fáiltí orthu.
- Tá seomra faoi leith ag Údarás Uchtála na hÉireann maisithe do dhaoine óga.

2. Eolas

- Tá Údarás Uchtála na hÉireann tar éis cáipéis 'Ceisteanna Coitianta' a chur i dtoll a chéile do dhaoine óga. Léiríonn an cháipéis seo moltaí na ndaoine óga a bhí rannpháirteach ann maidir le cén t-eolas ba chóir don Údarás Uchtála na hÉireann a thabhairt do dhaoine óga roimh an éisteacht um Ordú Uchtála. Cuirfear an cháipéis amach chuig daoine óga nuair a thugtar cuireadh dóibh chuig a n-éisteacht um Ordú Uchtála.
- Tá an tÚdarás Uchtála ag obair ar cháipéis den chineál céanna do leanaí atá níos óige.

3. Cluas le héisteacht á tabhairt dóibh

- Bíonn cruinniú ag daoine óga roimh a n-éisteacht agus bíonn an deis acu aon cheist a bhíonn acu a chur.
- Tugtar deis do na daoine óga labhairt astu féin le baill den bhord Údarás Uchtála na hÉireann más toil leo sin.
- Tá moladh curtha faoi bhráid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) a luann go dtabhrfaí coinne do dhaoine óga lena n-oibrí sóisialta de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach 2-3 seachtain roimh a n-éisteacht um Ordú Uchtála.

4. Dearbhú

- Tugtar teastas do dhaoine óga mar dhearbhu gur fhreastail siad ar an éisteacht um Ordú Uchtála.
- Tugtar deis do dhaoine óga agus dá dteaghlach grianghraf oifigiúil a bheith tógtha ag an bhfoireann san Údarás Uchtála, agus cuirtear sin ansin chuig an teaghlach.

4.4. Ag cur chun cinn polasaithe, cleachtas agus nósanna imeachta atá fabhrach do leanaí

Cúram Sláinte a thacaíonn le gasúir san ospidéal

Tá muid ag tabhairt faoi chomhthionscnamh le Bord Grúpa Ospidéal do Leanaí, lena mbaineann, agus a bhfuil tacaíocht aige ón, gcoiste feidhmiúcháin agus ón gceannaireacht chliniciúil sna trí ospidéal do leanaí i mBaile Átha Cliath - Ospidéal Mhuire na Leanaí Chromghlinn, Ospidéal Ollscoile Shráid Temple na Leanaí, agus Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht.

Is é an cuspóir foriomlán a bhaineann leis an gcomhthionscnamh seo ná creatlach ceart leanaí a úsáid chun éisteacht agus nóta a dhéanamh de thuairimí leanaí, daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann ospidéal agus bainistíochta maidir le seachadadh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga san ospidéal.





Agus muid ag tabhairt faoin tionscnamh seo tá de d'aidhm againn:

- Cúram sláinte a thacaíonn le leanaí a chur chun cinn agus meas a thógáil do chearta leanaí san ospidéal trí cheist a chur ar leanaí, ar dhaoine óga, ar thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ar fhoireann chomh maith le bainistíocht an ospidéal chun a gcuid tuairimí ar cheisteanna a bhaineann le cearta leanaí faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, de réir mar a thagann siad chun solais san ospidéal;
- Béim a chur ar dhea-chleachtais agus sainathint a dhéanamh ar réimsí ar féidir feabhas a chur orthu;
- Tacú leis an gcinnteoireacht ar dhul chun cinn amach anseo agus ar sheachadadh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga sna trí ospidéal atá ann cheana do leanaí agus san ospidéal nua do leanaí.

Is é an cur chuige atá againn maidir le héisteacht le tuairimí rannpháirtithe ná an léirshamhail, Uirlisí um Mheasúnú agus Feabhsúchán Ceart Leanaí in Ospidéal (2012), a d'fhorbair an Tascfhórsa ar 'Chur chun cinn na Sláinte do Leanaí agus do Dhéagóirí in agus ag Ospidéil agus Seirbhísí Sláinte' (Gréasán Idirnáisiúnta um Ospidéil agus Sheirbhísí Sláinte i gCur Chun Cinn Sláinte), a chur in oiriúint dó.


Sainathnódh seo mar léirshamhail ar dhea-chleachtas chun cúram sláinte fabhrach do leanaí a chur chun cinn i dtaighde a rinne an UCC dúinn sa bhliain 2013, agus is cur chuige é atá leanbhliárnach,

a bhfuil meas ar chearta ann agus i gcur chun cinn ceart, agus atá ionchuimsitheach. Déanann sé soláthar do phróiseas inbhuanaithe, timthriallach de dhearbhu cáilíochta agus d'fhéadfaí leas a bhaint as amach anseo i suíomhanna péidiatraiceacha ar fud an chúraim shláinte ar bhonn níos leithne in Éirinn.

Lorgófar tuairimí na rannpháirtithe trí cheistneoirí a úsáid, agus beidh siad seo bunaithe ar na huirlisí measúnaithe atá forbraithe ag an Tascfhórsa. Tá ceistneoir ann do chúig ghrúpa éagsúla rannpháirtithe: leanaí idir 6 agus 11 bliain d'aois; daoine óga ó aois 12 go 17; do thuismitheoirí/ chaomhnóirí leanaí agus daoine óga in ospidéal; don fhoireann a oibríonn sna trí ospidéal do leanaí; agus an lucht bainistíochta sna hospidéil. Tá beartaithe againn cur leis na ceistneoirí seo trí roinnt comhairliúcháin fócasghrúpaí.

I gceist san obair a rinneadh chun pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar an tionscnamh le linn 2016 bhí bunú Coiste Stiúrtha, a tháinig le chéile sé huaire, agus grúpa áitiúil um chur chun feidhme i ngach ceann de na trí ospidéal do leanaí.

Tar éis sheoladh an chomhthioncnaimh le Bord Ghrúpa Ospidéal na Leanaí inár n-oifig i mí na Samhna 2016, tá muid ag obair i dtreo Nasc na Poncanna le Chéile a chur chun feidhme: Ag Nascadh Guthanna do Chúram Sláinte Fabhrach do Leanaí san Ospidéal sna trí ospidéal do leanaí in Earrach na bliana 2017.



4.5. Comhairle ar Reachtaíocht agus Beartas

Comhairle ar Fhorbairtí ó Thaobh Reachtaíochta agus Beartas Poiblí de

Le linn 2016, chuireamar comhairle ar fáil, chuireamar aighneachtaí isteach agus rinneamar plé le reachtaíocht mholta ar bhealaí eile maidir le hiontrálacha scoile, cairteacha tuismitheoirí agus scoláirí i scoileanna, cionta gnéasacha, íospartaigh na coireachta, agus eolas agus rianú uchtála. Rinneamar aighneachtaí ar Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna, ar Chód Eitice an Gharda Síochána, ar Athbhreithniú Tusla ar an mBeartas Náisiúnta Fágála Cúraim agus Iarchúraim, 2011, agus ar Chomhairliúchán na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an Aois Toilithe Dhigiteach. Bhí an Oifig i mbun comhfhreagrais chomh maith leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí sular fhoilsigh siad an tuarascáil ar Chumarsáidí Digiteacha Díobhálacha, agus chuir comhairle ar an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin bPlean um Atógáil na hÉireann.

Aighneacht chun na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir lena Ráiteas Straitéise, 2016-2018

I mí an Mheithimh 2016 rinneamar aighneacht maidir leis an bPáipéar Comhairliúcháin ar Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2016-2018. Rinneamar tagairt don riachtanas de chuid Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh gur gá don oideachas a bheith dírithe ar an leanbh, tacú leis an leanbh agus leanaí a chumasú. Chuireamar comhairle agus moltaí ar fáil i réimsí amhail maoirseacht agus freagracht, rannpháirtíocht leanaí i gcinnteoireacht agus oideachas luathóige. Leagamar béim ar na leanaí is leochailí, amhail leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí atá ar an anás, leanaí gan dídean, leanaí atá sa chóras soláthair dhírigh, leanaí imirceacha, leanaí den Lucht Siúil agus de na Romaigh agus leanaí atá faoi chúram, mar aon leis na leanaí siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Leagamar béim freisin ar an ngá atá le hathchóiriú an chreata reachtaíochta oideachais, lena n-áirítear an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2015 agus láimhseáil gearán san earnáil oideachais. Rinneadh plé freisin le saincheistean eile amhail meabhairshláinte agus folláine i scoileanna, bulaíocht, rannpháirtíocht shlán, éifeachtach sna meáin dhigiteacha agus shóisialta agus an t-oideachas gnéis agus sláinte atáirgthe.

Seoladh Plean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais, a bhfuil an Ráiteas Straitéise ina chuid de, ar an 15 Meán Fómhair 2016. Céim shuntasach chun cinn is ea an Plean Gníomhaíochta i dtreo a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach uile leanbh ar ár gcóras oideachais agus cuirtear in iúl go soiléir leis go bhfuil an Rialtas lántiomanta d'athchóiriú na hearnála oideachais. Cuirtear fáilte mhór roimh an bplean seo agus is mór againn gur cuireadh roinnt

moltaí a rinne an Oifig seo san áireamh ann, amhail fócas ar an luathóige agus bearta a thabhairt isteach le tacú le folláine i scoileanna. Bíodh sin mar atá, is ríthábhachtach an rud é go gcuirfí na hacmhainní is gá ar fáil le tacú leis na bearta atá pleanáilte agus táimid ag tnúth go mór le hobair a dhéanamh as lámha a chéile leis an Roinn lena chinntiú go gcuirfear an Plean uailmhianach seo i ngníomh ina iomláine.

Aighneacht chun an Údaráis Póilíneachta ar Dhréachtchód Eitice an Gharda Síochána

I mí na Bealtaine 2016, thugamar ár dtuairimí tosaigh ar Chód Eitice a fhorbairt le haghaidh an Gharda Síochána mar chuid de chomhairliúchán poiblí a bhí á reáchtáil ag an Údarás Póilíneachta.

Mholamar:

- Gur chóir don Údarás Póilíneachta dul i ndáil chomhairle le leanaí agus le daoine óga agus é ag dréachtú an Chóid Eitice, go háirithe leanaí a raibh nó a bhfuil baint acu leis an gcóras dlí agus cirt d'ógánaigh.
- Gur chóir cearta an linbh a chur i gcroílár gach uile chuid de Chód Eitice an Gharda Síochána.
- Gur chóir go mbeadh mar bhonn ag mar thaca ag bearta an Gharda Síochána prionsabail neamh-idirdhealaithe an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh, leas an linbh, an ceart chun beatha, maireachtála agus forbartha agus an ceart chun cluas éisteachta.
- Gur chóir go mbeadh leanaí in ann leas a bhaint as gach ceart daonna atá ar fáil do dhaoine fásta i riar an chirt.
- Gur chóir go léireofaí ann ceangaltais na Straitéise Dlí agus Cirt d'Ógánaigh i dtaobh obair a dhéanamh as lámha a chéile le gníomhaireachtaí agus le seirbhísí eile d'fhonn idirghabhálacha cuí a chinntiú do dhaoine óga.
- Gur chóir pointe teagmhála aonair do na leanaí siúd ar athchiontaitheoirí iad a chur san áireamh de réir chuspóir na Scéime Bainistíochta Cásanna.

Chuireamar aighneacht eile faoi bhráid an Údaráis Póilíneachta i mí Mheán Fómhair 2016 lena chur in iúl dó go raibh díomá orainn nár chuathas i ndáil chomhairle le leanaí ná le daoine óga sular cuireadh an Dréachtchód i gcrích. Mholamar chomh maith gur chóir go gcuirfí forálacha ar leith san áireamh i gCód Eitice an Gharda Síochána le haitheantas a thabhairt do na riachtanais speisialta a bhíonn ag leanaí agus ag daoine óga a thagann i dteagmháil leis an dlí.

Aighneacht ar Iarchúram chun Tusla

Le linn 2016, lean Oifig an Ombudsman do Leanaí de ghearán a fháil faoi shaincheisteanna a bhain le cúram a fhágáil agus le soláthar iarchúraim i measc na saincheisteanna sin bhí moilleanna

ar phleanáil iarchúraim, pleanáil neamhimleor go ginearálta, easpa tacaíochta iarchúraim, agus neamhréireachtaí agus difríochtaí ollmhóra sa tseirbhis iarchúraim a chuirtear ar fáil go náisiúnta.

I mí na Samhna 2016 chuireamar aighneacht faoi bhráid Tusla maidir leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Náisiúnta Fágála Cúraim agus larchúraim, 2011, agus rinneamar 66 moladh i dtaca leis na 26 réimse ar fad. D'iarramar orthu glacadh le cur chuige ar leith a bheadh bunaithe ar chearta i leith an Bheartais Náisiúnta Fágála Cúraim agus larchúraim. D'aibhsíomar gur gá breathnú ar incháilitheacht le haghaidh seirbhísí agus, go háirithe, ar na riachtanais a bhíonn ag daoine óga atá gan dídean, ag daoine óga atá ag iarraidh tearmainn agus atá ag fágáil cúraim, ag daoine óga atá ag fágáil cúraim ach a bhfuil a leanaí féin faoi chúram, ag daoine óga faoi mhíchumas atá ag fágáil cúraim, ag daoine óga atá ag fágáil cúraim ach a bhfuil fadhbanna andúileacha acu, nó ag daoine óga a bhfuil riachtanais meabhairshláinte acu. Cé nach bhfuil sé tosaithe go fóill, éilítear leis an Acht um Chúram Leanaí (Leasú), 2015 ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach seirbhís náisiúnta chaighdeánaithe um pleanáil iarchúraim a chur i bhfeidhm. Mar sin, leagann ár gcuid moltaí béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le hullmhú chun cúram a fhágáil agus leis an bplean iarchúraim.

Tá sé beartaithe ag Oifig an Ombudsman do Leanaí coinneáil i dteagmháil le Tusla in 2017 de réir mar a dhéanfaidh siad dul chun cinn le forbairt a mBeartais larchúraim.

Aighneacht ar an Aois Toilithe Dhigiteach chun na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Ar an 8 Samhain 2016, d'fhógair an Roinn Dlí agus Cirt comhairliúchán faoi thairseach na haoise toilithe reachtúla (“an aois toilithe dhigiteach”) a chuirfí i bhfeidhm in Éirinn i gcás seirbhísí sochaí faisnéise a chuirtear ar fáil go díreach do leanaí, mar a éilítear leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS).

Inár n-aighneacht, mholamar:

- Gur chóir comhairliúchán bríoch a reáchtáil le leanaí agus le daoine óg maidir leis an aois toilithe dhigiteach.
- Gur chóir reachtaíocht náisiúnta a achtú le glacadh le haois toilithe dhigiteach níos óige, .i. 13 bliana d'aois, chun na caighdeáin idirnáisiúnta ó thaobh cearta an linbh de a léiriú.
- Gur chóir tionscnaimh oideachasúla spriocdhírithe a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go mbeadh leanaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoileanna ar an láneolas faoi na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ach feasach freisin ar cén chaoi ar féidir leo plé a dhéanamh le sáruithe ar a gcuid ceart ar líne.
- Gur chóir bearta a dhéanamh le rúndacht sonraí agus príobháid daoine óga a threisiú agus le meas orthu sin a chinntiú.

- Gur chóir don Roinn tús a chur le plé dearfach leis an tionscadal TFC d'fhonn a ról agus a bhfreagrachtaí a shoiléiriú i dtaobh chearta an linbh.
- Gur chóir timpeallacht rialála atá idir shoiléir agus intuartha a chur ar bun lena áirithiú go léiríonn cleachtais meas do chearta an linbh.
- Gur chóir an moladh a rinne an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ina Thuarascáil maidir le Cumarsáid Dhíobhálach agus Sábháilteacht Dhigiteach a chur faoi chaibidil, .i. córas náisiúnta reachtúil maoirseachta nua a chur ar bun a thacódh le sábháilteacht dhigiteach dhearfach agus a chuirfeadh chun cinn í.
- Gur chóir cearta an linbh a chur san áireamh a luaith a fhéadtar in aon tionscnamh reachtaíochta nó athchóirithe dlí coiriúil a bhaineann leis an sábháilteacht dhigiteach amach anseo .
- Gur chóir go bhforbrófaí samhail ar leith, taobh amuigh den chóras dlí choiriúil, le déileáil le leanaí a mbeidh baint acu le aon chumarsáid dhigiteach dhíobhálach.

Is maith is eol dúinn cé chomh tábhachtach is atá an chumarsáid dhigiteach agus na meáin shóisialta do leanaí in Éirinn sa lá atá inniu ann agus leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí ó thaobh reachtaíochta de sa réimse seo lena chinntiú go nglacfar le cur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh ina leith. Tá gealltanas tugtha againn inár bPlean Straitéiseach, 2016-2018, go n-oibreoimid i gcomhar le páirtithe eile d'fhonn leanaí agus daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna meáin shóisialta agus dhigiteacha ar bhealach slán, éifeachtach.

Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar Chumarsáidí Digiteacha Díobhálacha

Bhíomar i mbun comhfhreagrais leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí sular fhoilsigh siad a dtuarascáil ar Chumarsáidí Digiteacha Díobhálacha. Bíodh sin mar atá, foilsíodh an tuarascáil sula rabhamar in ann aighneacht iomlán a chur faoina mbráid.

Sainaithníodh i dTuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ról d'Oifig an Ombudsman do Leanaí i dtaca le hábhar treorach faoin tsábháilteacht dhigiteach a chur i dtoll a chéile do scoileanna. Táimid na moltaí sin á meas againn faoi láthair. Cé go bhfuil sé mar aidhm againn riamh leanaí agus daoine óga a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna meáin shóisialta agus dhigiteacha ar bhealach slán, éifeachtach, agus tacú leo amhlaidh a dhéanamh, ní mór dúinn ár n-acmhainn reatha a mheas ó thaobh acmhainní daonna agus saineolais de, chomh maith leis an ngá lena chinntiú go mbeadh freagracht thras-rannach ann.

I mí na Nollag 2016, d'fhaomh an Rialtas dréachtú Scéime Ginearálta le haghaidh Bille ina ndéanfaí foráil do chionta coiriúla

nua agus leasaithe de réir an mhéid a leagadh amach sa Tuarascáil ar Chumarsáidí Digiteacha Díobhálacha. Táimid ag fanacht le foilsiú na Scéime Ginearálta sin le spéis.

An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015

D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015 ar an 27 Samhain 2014 agus é mar aidhm aige an Treoir ón AE um dhul i ngleic le drochúsáid agus dúshaothrú gnéasach leanaí agus le pornagrafaíocht leanaí a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm aige freisin Éire a dhéanamh réidh le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Leanaí a Chosaint in aghaidh Dúshaothrú agus Drochúsáid Ghnéasach a dhaingniú. Tá molta sa Scéim Ghinearálta an dlí a athchóiriú ar roinnt bealaí, lena n-áirítear smachtbhannaí níos láidre a mbeidh sé mar aidhm acu leanaí a chosaint in aghaidh dúshaothrú gnéasach, pornagrafaíocht leanaí agus mealltóireacht ar líne.

I mí na Bealtaine 2015 chuireamar ár gcomhairle ar an Scéim Ghinearálta isteach agus foilsíodh an Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2015 ar an 23 Meán Fómhair 2015. Cé go raibh roinnt nithe dearfacha sa Bhille, an chaoi ar cuireadh an téarma “gníomh gnéasach” in ionad an téarma “truailliú”, mar shampla, bhí sé ina údar imní dúinn nár cuireadh cuid mhaith dár moltaí leis an mBille ar chor ar bith.

Sheolamar litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Samhna 2016 leis na príomhábhair is údar imní dúinn maidir leis an mBille a chur in iúl dó arís. Ina measc sin bhí:

- Foráil a dhéanamh do chosaintí le nach ndéanfar cóir as gníomhartha gnéasacha comhthoiliúla idir piaraí, ach a chinntiú ag an am céanna go mbeifear fós in ann an dlí a chur ar chiontóirí gnéis óga.
- An téarma “ábhar drochúsáide gnéasaí leanaí” a chur in ionad an téarma “pornagrafaíocht leanaí” mar gheall gur fearr a léiríonn sé nádúr tromchúiseach na coire.
- Gach leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d’aois a chur isteach faoi na bearta cosanta a ndéantar foráil dóibh le hAilt 35 agus 36 den Bhille.
- Seirbhísí ullmhaithe réamhthrialach a chur ar fáil do leanaí a n-éilítear orthu dul os comhair na cúirte, lena n-áirítear duine atá cáilithe go cuí a cheapadh chun tacú le finné linbh ó thús deireadh an phróisis dlí.
- Na bearta cosanta speisialta atá ann d’fhinnéithe linbh a leathnú d’fhonn leanúnachas a chinntiú do gach leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d’aois.

Chuireamar fáilte roimh na leasuithe a rinneadh ar an mBille tar éis an chomhfhreagrais seo, ar leasuithe iad lena gcuirfear gach leanbh atá faoi bhun 18 mbliana d’aois isteach faoi na bearta

cosanta a ndéantar foráil dóibh le hAilt 35 agus 36 den Bhille. Coinneoidh Oifig an Ombudsman do Leanaí súil ar dhul chun cinn an Bhille seo ó thaobh reachtaíochta de in 2017.

An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016

D'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 i mí Iúil 2016. Chuireamar comhairle ar fáil faoin Scéim Ghinearálta i dtaca leis an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2013 roimhe seo agus chuireamar ár dtuairimí leantacha in iúl don Aire Oideachais agus Scoileanna tar éis dó an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2015 a fhoilsiú.

Táimid ag tabhairt ár gcomhairle ar Bhille 2016 chun críche i láthair na huaire, rud a dhéanann plé le roinnt ábhar is údar imní a d'ardaíomar i dtaca leis an Scéim Ghinearálta in 2013 agus le Bille 2015. Ina measc tá:

- Foráil bheartaithe a fhágáil ar lár, lena dtabharfadh an chumhacht do scoileanna iontráil a dhiúltú ar bhonn thuairim FSS nó an Gharda Síochána maidir leis an tionchar a d'imreodh iontráil leanaí áirithe ar shábháilteacht daltaí eile.
- Inniúlacht coistí achomhairc Alt 29 a choinneáil i gcas achomharc a bhaineann le rollú.
- Forálacha a chur san áireamh lena n-éileofaí ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ar an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach aird a thabhairt ar thuairimí an linbh agus ar leas an linbh nuair a ainmnítear scoil don leanbh atá i gceist.

Seo a leanas na hábhair is údar imní atá le réiteach dar linn:

- Úsáid chritéar an iar-dhalta mar chritéar ceadaithe i gcás ró-éilimh mar gheall go bhféadfadh sé bheith ina chúis le leithcheal indíreach.
- An eisceacht a eascraíonn faoi Alt 7 den Acht um Stádas Comhionann a fhágann gur ceadmhach rochtain tosaíochta ar oideachas atá maoinithe go poiblí a thabhairt do leanbh ar bhonn a chreidimh.
- Lochtanna atá ar an mbeartas 'diúltaithe' maidir le feidhmiú an churaclaim chomhtháite.
- An gá le forálacha breisithe a dhéanamh i gcomhair áiteanna scoile a chur i leataobh do leanaí atá faoi chúram.

An Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí), 2016

Foilsíodh an Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí), 2016 ar an 5 Nollaig 2016. Déantar foráil i gCeannteidil 6 agus 7 den Scéim Ghinearálta seo do chumhachtaí breisithe don Ombudsman do Leanaí agus é ag

déileáil le gearáin a bhaineann le scoileanna. Fágann na leasuithe sin:

- Nach mbeidh ar Oifig an Ombudsman do Leanaí triail a bhaint as gach uile nós imeachta a leagtar síos in Alt 28 den Acht Oideachais, 1998 roimh thús a chur le himscrúdú a thuilleadh;
- Go ndéanfar an tAcht um Ombudsman do Leanaí, 2002 a leasú le ceadú d'Oifig an Ombudsman do Leanaí le himscrúdú a dhéanamh ar na feidhmeanna eile a thabharfar do scoileanna faoin reachtaíocht bheartaithe;
- Go mbeidh de chumhacht ag an Aire treoir a thabhairt do bhord aon mholtaí nó aon treoir arna dtabhairt ag Oifig an Ombudsman do Leanaí a chomhlíonadh.

Is ábhar imní ag an Oifig seo le fada an lá go bhfuil na struchtúir láimhseála gearán atá i bhfeidhm san earnáil oideachais idir neamhiomlán agus neamhréireach. Aibhsíonn roinnt mhaith de na gearáin a bhaineann le cúrsaí oideachais a ndéanaimid iniúchadh orthu na deacrachtaí atá ann i scoileanna aonair i dtaobh plé a dhéanamh le gearáin.

Cuirimid fáilte roimh bhonn an chreata reachtaíochta d'fhonn rannpháirtíocht idir scoileanna, daltaí agus tuismitheoirí a fheabhsú, chomh maith le leanúnachas a chur chun cinn i ndáil leis na próisis láimhseála gearán atá ag scoileanna. Dá luaithé a dhéantar sainaithint ar ábhair imní is ea is éasca a bheidh sé don scoil fadhbanna a mheas agus a réiteach, rud a laghdóidh spleáchas ar nósanna imeachta foirmeálta láimhseála gearán nó a fhágfaidh nach mbeidh gá leo ar chor ar bith. Áireofar leis na Treoirlínte ar an gCairt nósanna imeachta le plé a dhéanamh le haon chasaoidí a tharlaíonn fiú agus an Chairt i bhfeidhm.

Deis iontach tábhachtach is ea an Bille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí), 2016 le ról na ndaltaí a mhéadú i saol na scoile. Tá molta againn gur chóir don mhéid sin a bheith léirithe in ainm na Cairte agus, dá réir sin, gur chóir “an Bille Oideachais (Cairt Scoláirí agus Tuismitheoirí), 2016 a thabhairt ar an mBille. Tá molta againn freisin gur chóir dul i ndáil chomhairle le leanaí agus le daoine óga ar an leibhéal beartais nuair a bheidh an reachtaíocht agus na treoirlínte lena ndéanfar foráil do bhunú na gCairteacha Scoláirí agus Tuismitheoirí á bhforbairt. Ba chóir go gcuirfí a dtuairimí san áireamh freisin nuair a bheidh cairteacha ar leith á bhforbairt i scoileanna.

Cuirtear fáilte mhór chomh maith roimh threisiú ról Oifig an Ombudsman do Leanaí i leith plé a dhéanamh le gearáin faoi scoileanna. In 2016, bhain 45% de na gearáin a fuaireamar le cúrsaí oideachais. Tá a fhios againn gur féidir réitigh thapa, éifeachtacha a fháil i roinnt mhaith cásanna nuair a dhéantar iarracht teacht ar réiteach go háitiúil leis na leanaí, leis na tuismitheoirí agus leis na boird bhainistíochta. Bíodh sin mar atá, uaireanta tagann gearáin

níos deacra chun cinn agus is tábhachtach an rud é go mbeadh córas láidir ann le plé a dhéanamh lena leithéid de chásanna.

Coinneoimid i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gComhchoiste um Oideachas agus Scoileanna de réir mar a chuirtear an Scéim Ghinearálta seo chun cinn tríd an bpróiseas reachtaíochta.

An Bille Oideachais (Leasú), 2015

Tá sé beartaithe go ndéanfaidh an Bille Oideachais (Leasú), 2015, a ndearna Roghchoiste an Oireachtais tagairt de ar an 21 Iúil 2016, leasú ar an Acht Oideachais, 1998 ach foráil a dhéanamh do bhunú Ombudsman Oireachtais. Is moladh é sin nach dtacaímid leis.

Nuair a bhreathnaítear ar na gearáin a fhaighimid a bhaineann le cúrsaí oideachais, a bhí taobh thiar de 45% de na gearáin ar fad a fuaireamar in 2016 mar a luadh thuas, is léir nach mbaineann siad le scoileanna amháin. Baineann siad leis an earnáil oideachais ar an iomlán, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Baineann roinnt gearán le saincheisteanna a bhfuil baint ag réimse ranna agus gníomhaireachtaí difriúla leo. Dá mbainfear gearáin faoi chúrsaí oideachais ó théarmaí tagartha Oifig an Ombudsman do Leanaí ní bheimis in ann breathnú ar ghearáin chasta a bhfuil i gceist leo soláthar oideachais agus roinnt saincheisteanna eile, mar shampla, leanaí faoi chúram nó leanaí faoi mhíchumas a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu le rochtain ar an oideachas. Fágadh faoi mhíbhuntáiste na leanaí agus na daoine óga siúd atá i gceist leis na gearáin dá bharr sin.

Mar a cuireadh in iúl cheana, déantar foráil sa Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí), 2016 go mbeidh sé de chumhacht ag an Aire Oideachais treoir a thabhairt i ndáil le leideanna/moltaí a dhéanann Oifig an Ombudsman do Leanaí. Cuirfidh na forálacha nua sin, mar aon leis na cumhachtaí atá againn cheana, ar ár gcumas déileáil go cuimsitheach le haon ghearáin a fhaighimid ó leanaí agus ó na n-ionadaithe a bhaineann leis an earnáil oideachais.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016

Éilíodh ar Éirinn an Treoir ón AE lena leagtar síos na híoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta a thrasú sa dlí intíre faoin 16 Samhain 2015. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016 ar an 14 Iúil 2015 dá bhrí sin. Chuireamar comhairle ar fáil faoi inneachar na Scéime Ghinearálta sin agus faoina haidhmeanna sonraithe i leith chearta na n-íospartach agus a ndaoine muinteartha i mí Dheireadh Fómhair 2015.

Foilsíodh an Bille um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2016 dá éis sin ar an 27 Nollaig 2016. Is mór againn go nglacfar leis

go mbeidh riachtanais chosanta ag an leanbh agus go gcuirfear leas an linbh san áireamh nuair a mheastar cibé acu a bhainfeadh sé leas as bearta cosanta nó nach mbainfeadh, agus oiread agus a rachadh a leithéid de bhearta chun a leasa. Cuirimid fáilte freisin roimh an bhforáil in Alt 14(7) go dtabharfar cluas éisteachta don leanbh agus go dtabharfar an aird is cuí ar a ndeir sé, go nglacfar leis gur leanbh é an t-íospartach mura léir cén aois é go dtí go gcruthaítear a mhalairt agus go dtabharfar de chumhacht ag an gcúirt an pobal i gcoitinne nó daoine áirithe a choinneáil amach as an gcúirt chun an t-íospartach a chosaint. Tá na leasuithe ar an Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 atá san áireamh sa Bhille dearfach freisin, ar leasuithe iad lena dtreiseofar na cosaintí a thugtar d'íospartaigh linbh.

Bíodh sin mar atá, chun Alt 1(2) den Treoir a chomhlíonadh, ba chóir go ndéanfaí prionsabail leas an linbh agus cheart an linbh sin chun a chuid tuairimí a chur in iúl agus cluas éisteachta a fháil a leathnú amach chun gach uile ghné den Bhille a chlúdach. Bhí sé ina údar imní dúinn freisin gur baineadh ón mBille an fhoráil do Ráiteas Tionchair Íospartaigh; an ceanglas go gcaithfí aon eolas a thabharfaí d'íospartach linbh a thabhairt dá thuismitheoir nó dá chaomhnóir freisin; agus an ceanglas go gcuirfí oiliúint ar bhaill foirne a thagann i dteagmháil le híospartaigh i gcúrsa a ndualgas oifigiúil.

Cuirfear na hábhair is údar imní in iúl don Aire in 2017.

An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2015

D'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2015 ar an 27 Iúil 2015. Bhí an aighneacht a rinneamar i mí na Samhna 2015 dírithe ar na gnéithe sin den Scéim Ghinearálta a bhain le leanaí.

Áiríodh leis an mBille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016, a foilsíodh ar an 23 Samhain 2016:


- Toimhde ghinearálta i bhfabhar faisnéis a nochtadh do dhaoine arna n-uchtáil maidir lena mbreith agus lena n-uchtáil;
- An ceart a bheith ag daoine arna n-uchtáil atá os cionn 18 mbliana d'aois rochtain ar a dteastas breithe bunaidh agus ar an bhfaisnéis atá i dtaifid nó i gcomhaid uchtála ábhartha;
- Déantar soiléiriú sa Bhille ar na cearta atá ag páirtithe eile i dtaca le nochtadh faisnéise a d'fhéadfaí a úsáid leis an bpáirtí sin a aithint - tá treoir reachtúil shoiléir ag an Údarás Uchtála agus ag na cúirteanna nuair a iarrtar orthu cothromaíocht a aimsiú idir cearta freasúla;
- Clár Náisiúnta na hÉireann um Fhaisnéis Uchtála a chur ar bun.

Bíodh sin mar atá, tá an-imní go deo orainn nach ndéantar tagairt dá laghad do phrionsabal an leasa sa Bhille seo, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go raibh sé ar cheann de na saincheisteanna

ríthábhachtacha a luadh sa Scéim Ghinearálta. Níl aon fhoráil déanta ach an oiread dá chinntiú go dtabharfaí cluas éisteachta don leanbh ná go dtabharfaí an aird is cuí ar a ndeir sé de réir a n-aoise agus a n-aibíochta nuair atá an Ghníomhaireacht ag déanamh cinnidh ar cibé acu faisnéis arna hiarraidh a nochtadh nó gan í a nochtadh.

Tá imní orainn freisin nach luaitear leanaí arna n-uchtáil sa Bhille - ní dhéantar foráil ar leith do chearta an linbh arna uchtáil chun faisnéise faoina bhreith ná faoina dhúchas. Ar deireadh, d'fhéadfá a rá go bhfuil plé á dhéanamh le leanbh arna uchtáil ar bhealach difriúil le leanaí eile a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis atá ábhartha dá shláinte, lena n-áirítear stair leighis a mhuintire, de bharr nach ndéantar foráil do dhearbhcheart rochtana ar an bhfaisnéis sin.

Tá sé beartaithe againn labhairt leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige go luath in 2017 faoi na nithe is údar imní sin.



4.6. Research

Tionscadail Taighde Oifig an Ombudsman do Leanaí

De réir na ndualgas atá orainn faoin Acht, agus de réir ár bPlean Straitéisigh, táimid tar éis tabhairt faoi roinnt tionscadail taighde. Tá sé mar aidhm ag na tionscadail sin acmhainn a thógáil i measc comhlachtaí poiblí le cur chuige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann cearta an linbh i gcrích a gcleachtais. Tacaíonn siad chomh maith leis na cuspóirí atá againn le dea-chleachtais a chur chun cinn agus a chothú i leith plé le gearáin a théann i bhfeidhm ar leanaí agus daoine óga, agus tosaíocht á tabhairt do sholáthróirí oideachais.

Riarachán a thacaíonn le leanaí

Le tacaíocht Chumann Idirnáisiúnta na nOmbudsman, rinneamar comhairliúchán ar an riarachán a thacaíonn le leanaí a choimisiúnú in 2014. Bhí an staidéar sin bunaithe ar na constaicí a chaithfidh leanaí agus a muintir a shárú le rochtain ar a gcearta i réimse an riaracháin poiblí. Is iad na scrúduithe agus na himscrúduithe a dhéanaimid ar ghearáin faoi bhearta comhlachtaí poiblí a chuir bonn fianaise faoin staidéar. Tar éis próiseas tairiscintí iomaíocha, bronnadh an conradh le haghaidh an staidéir seo ar Chlinic Dhlí an Linbh, Scoil an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tá sé mar aidhm ag an staidéar seo sainaithint a dhéanamh ar chuir chuige, atá bunaithe ar chearta agus a thacaíonn le leanaí, i leith riarachán poiblí, breathnú ar na constaicí atá i mbealach na gcur chuige sin, agus bonn eolais a chur faoi mholtaí athchóirithe.

Cuireadh na trí phíosa oibre seo a leanas i gcrích mar chuid den staidéar seo le linn 2015:

- Anailís ar an taighde agus ar an litríocht a bhí ar an bhfód cheana féin maidir leis an riarachán a thacaíonn le leanaí;
- Anailís ar an bhfaisnéis a bhí inár mbunachar sonraí gearán maidir leis na deacrachtaí a shainaithin gearánaigh a aibhsíonn fadhbanna sistéamacha;
- Comhairliúchán le leanaí agus lena muintir faoi na constaicí a bhíonn le sárú acu ina gcuid idirghníomhaíochtaí le comhlachtaí poiblí agus chun rochtain ar sheirbhísí.

In 2016, rinneadh cinneadh le gné eile a chur leis an staidéar. Beidh i gceist leis sin comhairliúchán le comhlachtaí poiblí agus le soláthraithe seirbhísí lena dtuairimí a lorg ar na saincheistanna a ardaíodh agus ar cén chaoi a bhféadfaí aon chonstaicí a shárú atá sa bhealach ar an riarachán a thacaíonn le leanaí. Tá an chéim phleanála den chomhairliúchán seo déanta ag Clinic Dhlí an Linbh ceana féin agus cuirfear an obair ar fad i gcrích in 2017. Tá sé beartaithe againn tuairisc dheiridh ar an staidéar a fhoilsiú.

Próiseas láimhseála gearán a thacaíonn le leanaí i scoileanna

In 2016, chuireamar tús le tionscadal a bhfuil sé mar aidhm aige cur chuige atá bunaithe ar chearta an linbh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i leith an phróisis láimhseála gearán atá ag scoileanna, boird bainistíochta agus pátrúin. Tá sé beartaithe againn gearrthreoir a fhoilsiú, a mbeidh creat idirnáisiúnta chearta an duine agus samplaí dea-chleachtais mar bhonn agus mar thaca aici, ina leagfar amach na rialacha is tábhachtaí ó thaobh plé a dhéanamh le gearáin i scoileanna ar bhealach a thacaíonn le leanaí.

Tá an tionscadal seo ag teacht le Cuspóir 2 dár bPlean Straitéiseach. Tabharfar faoi i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh mar fhochuid den obair atá á déanamh ar an riarachán a thacaíonn le leanaí, agus tabharfar chun críche é in 2017.

Tá súil againn go mbeidh an foilseachán seo ina acmhainn dár gcuid comhpháirtithe oideachais, go háirithe agus an comhairliúchán ar an mBille um Scéim Ghinearálta d'Oideachas (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí), 2016 ar bun.

An Dearbhú um Chearta an Linbh, 1924

Sa bhliain 1924, ghlac Conradh na Náisiún leis an Dearbhú um Chearta an Linbh, 1924, nó 'Dearbhú na Ginéive' mar is fearr aithne air. Tuigtear gurbh é an chéad ionstraim uilíoch de chuid an Chonartha maidir le cearta an duine agus d'fhéadfá a rá gur tháinig an Dearbhú um Chearta an Linbh, 1959 agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, 1989 as. Aithnítear i nDearbhú 1924 go bhfuil sé "de dhualgas ar an gcine daonna a seacht ndícheall a dhéanamh don leanbh" agus leagtar amach na cúig dhualgas atá ar "fhir agus mná na náisiún uile" i leith leanaí.

In 2015, thug Bobby Bryan dúinn leagan den Dearbhú um Chearta an Linbh, 1924 a chuir 'Saor an Leanbh' i dtoll a chéile sna 1920í. Leagtar Dearbhú 1924 amach i nGaeilge agus i mBéarla sa leagan seo agus tá sé sínithe ag daoine mór le rá i saol poiblí na hÉireann ag an am sin, Dubhghlas de hÍde, Liam T. Mac Cosgair, Éamon de Valera agus Eoin Mac Néill ina measc.

Rinneamar taighde deisce a choimisiúnú in 2016 le tuilleadh a fháil amach faoin leagan sin de Dhearbhú 1924 a chuir Saor an Leanbh le chéile, lena n-áirítear a dhualfhoinse agus aon úsáidí féideartha a baineadh as. Tá sé mar aidhm againn tuarascáil ar an taighde seo a fhoilsiú le himeacht 2017 mar chuid den chlár atá beartaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar chuimhneachán 25 bliain ó dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

4.7. Meicníochtaí agus Líonraí Monatóireachta Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Próiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

Tar éis d'Éirinn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a dhaingniú i 1992, éilítear uirthi tuairiscí tréimhsiúla a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ar na bearta a rinneadh lena cuid dualgas a chomhlíonadh i leith cloí le cearta an linbh, iad a chosaint agus a chomhlíonadh faoin gCoinbhinsiún.

Ar an 14 Eanáir 2016, tionóladh cruinniú iomlánach idir Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus ionadaithe do Rialtas na hÉireann in Palais des Nations sa Ghinéiv. Ba é an tríú scrúdú tréimhsiúil ar dhul chun cinn na hÉireann i leith na gealltanais atá tugtha aici do leanaí faoin gCoinbhinsiún a chomhlíonadh.

Tar éis tuairisc mhalartach a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe i mí na Bealtaine 2015 agus páirt a ghlacadh i gcruinniú réamhsheisiúnach le comhaltaí den Choiste i mí an Mheithimh 2015, d'fhreastail an tOmbudsman do Leanaí agus baill foirne de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an gcruinniú i mí Eanáir.

Ag an gcruinniú sin, chuir Coiste na Náisiún Aontaithe teist an Stáit ar chearta an linbh a bhaint amach faoi chaibidil i roinnt mhaith réimsí éagsúla, cuid mhaith acu a chuireamar in iúl don Choiste inár dtuairisc mhalartach le linn an chruinnithe réamhsheisiúnaigh.

Tar éis an chruinnithe iomlánaigh, d'fhoilsigh Coiste na Náisiún Aontaithe a dTuairimí Deiridh. Sa tuarascáil chuimsitheach sin, aithníonn an Coiste an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn le blianta beaga anuas, ach ardaíonn freisin roinnt ábhar is údar imní maidir le réimse leathan saincheistanna a théann i bhfeidhm ar shaol leanaí in Éirinn agus molann bearta ba chóir don Stát a dhéanamh mar phríomhthosaíocht.

Tugann Tuairimí Deiridh an Choiste treoir don Stát faoi cén chaoi ar chóir dó cearta an linbh a chur chun cinn as seo go ceann cúig bliana roimh an gcéad scrúdú eile ar Éirinn in 2021.

I measc phríomh-mholtaí an Choiste don Stát tá:

- **Reachtaíocht** – an gá le hiniúchadh a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana lena mheas an bhfuil sí in oiriúint le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, le reachtaíocht atá ann cheana a thionscnamh, le reachtaíocht a leasú nó a thionscnamh le dul i ngleic le bearnaí nó le heasnaimh i ndlí na hÉireann, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a ionchorprú ina iomláine i ndlí na tíre.
- **Institiúidí** – an gá leis na hinstiúidí atá ann cheana a threisiú,

lena n-áirítear Oifig an Ombudsman do Leanaí, a bhfuil ról thábhachtach acu i dtaobh bearta an Stáit a threorú, a bhaint amach agus a mhonatóiriú chun meas a léiriú do chearta an linbh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, mar aon leis na cearta sin a chosaint agus a chomhlíonadh.

- **Ardú feasachta agus forbairt acmhainne** – an gá le feasacht phoiblí ar chearta an linbh a fheabhsú agus le hacmhainn a fhorbairt chun cearta an linbh a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm go seasta, lena n-áirítear i reachtaíocht agus in imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha a théann i bhfeidhm ar leanaí.
- **Cur chun feidhme** – an gá leis na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais a chur ar fáil ar gá iad leis na gealltanais a thugtar do leanaí i reachtaíocht agus i mbeartas poiblí a sheachadadh.
- **Leanaí leochaileacha** – an gá le dul i ngleic le leithcheal agus neamhionannas agus aird ar leith a thabhairt do leanaí a bhfuil constaicí le sárú acu le rochtain ar na cearta a bhfuil siad ina dteideal, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas, leanaí den Lucht Siúil agus de na Romaigh, leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, leanaí gan dídean, leanaí agus daoine óga LGBT+, leanaí imirceacha agus leanaí atá ag iarraidh tearmainn.

Cuirimid fáilte roimh Thuairimí Deiridh Choiste na Náisiún Aontaithe agus is mór againn gur luadh an chuid is mó de na moltaí a rinneamar féin inár dtuairisc mhalartach.

Ina theannta sin, cuirimid fáilte roimh na moltaí ar leith a rinne Coiste na Náisiún Aontaithe, eadhon:

- Gur chóir go dtiocfadh maoiniú d'Oifig an Ombudsman do Leanaí go díreach ón Oireachtas; agus
- Gur gá dul i ngleic go cuí leis an eisiamh atá ann faoi Alt 11(i) (e)(i) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, a bhaineann lenár dtéarmaí tagartha imscrúdaithe i dtaobh cúrsaí tearmainn, inimirce, eadóirseachta agus saoránachta.

Mar atá curtha in iúl in áiteanna eile sa tuarascáil seo, d'oibríomar go dian leis an dá ábhar sin a thabhairt chun réitigh in 2016.

Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann

Chuireamar aighneacht i scríbhinn faoi bhráid Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i mí Mheán Fómhair 2015 sular thug siad faoin dara iniúchadh ar theist na hÉireann i dtaobh chearta an duine i gcomhthéacs phróiseas an Athbhreithnithe Thréimhsiúil Uilechoiteann (UPR). Bhí aighneacht na hOifige dírithe ar bhéim ar leagan ar réimse saincheisteanna a bhain le chearta an linbh in Éirinn, agus ar mholtaí comhfhreagracha a dhéanamh, amhail leas agus cosaint leanaí, an córas dlí agus cirt d'ógánaigh,



tearmann agus inimirce, bochtaineacht i measc leanaí, leanaí gan dídean, seirbhísí sláinte, agus oideachas. Chuir Éire a séú agus a seachtú tuarascáil isteach mar aon tuarascáil amháin ar an 15 Meán Fómhair 2016.

Teagmháil le Líonraí Idirnáisiúnta

Tá comhoibriú le hOmbudsmain agus le Coimisinéirí do Leanaí i stáit eile ar cheann de na feidhmeanna atá ag an Ombudsman do Leanaí de réir Acht 2002. Leanaimid orainn ag coinneáil i dteagmháil láidir, ghníomhach le Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC). Tá i gceist leis an obair sin freagairt ar iarratais comhroinnte faisnéise ó chomhaltaí eile de ENOC, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairt beartais agus reachtaíochta ar fud na hEorpa.


D'óstáil an Oifig seimineár 2 lá ENOC ar “Equal Opportunities for All Children and Young People in Education” i mí an Mheithimh 2016. Ghlac 20 ionadaí do 12 bhall-institiúid ENOC páirt ann. I measc na n-ábhar a ndearnadh plé orthu ag an seimineár bhí laghduithe ar mhaoiniú oideachais, rochtain ar réamh-bhunscoil, rochtain ar oideachas i gcás leanaí de chuid grúpaí mionlacha agus béim ar leith leagtha ar leanaí Romacha, agus rochtain ar oideachas i gcás leanaí a bhfuil riachtanas speisialta acu.

Ag comhdháil bhliantúil ENOC, a bhí ar siúl sa Liotuáin i mí Mheán Fómhair 2016, toghadh an tOmbudsman do Leanaí, an Dr. Niall Muldoon, le bheith ar dhuine den chúigear a bheidh ar an mBíúró; .i. an comhlacht a ritheann ENOC agus a shocraíonn treo straitéiseach na heagraíochta.

Leanaimid orainn bheith páirteach i Líonra Briotanach agus Éireannach na nOmbudsman agus na gCoimisinéirí do Leanaí (BINOCC) chomh maith. Bhí cruinniú cheannasaithe BINOCC ar siúl inár n-oifig i mí Eanáir 2016. D'fhreastail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an tráth sin, an Dr. James Reilly, ar chuid den chruinniú sin le breac-chuntas a thabhairt ar an bpróiseas le fáil réidh le cosaint an cháinte réasúnta i gcás ionsaithe ar leanaí. D'óstálar cruinniú chomh maith do na baill foirne ó na ranna beartais difriúla de BINOCC.

I mí na Samhna 2016, chuaigh an tOmbudsman do Leanaí go dtí Nua-Eabhrac thar ceann ENOC le hóráid a thabhairt do bhaill foirne de UNICEF a tháinig ó gach cearn den domhan. Rinneadh plé ar cén chaoi ar féidir le ball-institiúidí ENOC tacú le tíortha atá ag iarraidh cultúr a chothú ar son chearta an linbh. D'fhéadfadh sé go mbeadh cúnamh ag teastáil ó roinnt mhaith de na tíortha sin leis na buntáistí a bhainfeadh lena leithéid de chur chuige a chur ina luí ar an rialtas agus ar an bpobal.

Nuair a bhí sé i Nua-Eabhrac, bhuail sé freisin le Marta Santos Pais, Ionadaí Speisialta na Náisiún Aontaithe don Ard-Rúnaí um Fhoréigean in Aghaidh Leanaí (SRSG), agus le Manus de Barra, Speisialtóir Cosanta Leanaí, le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna



a bhaineann le cearta an linbh in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Fuaireamar cuireadh ó UNICEF agus ó Rialtas na Casacstáine i mí na Samhna 2016 chuig a gComhdháil Idirnáisiúnta a Thacaíonn le Leanaí in Astana. Thug Stiúrthóir Imscrúduithe Oifig an Ombudsman do Leanaí, Nuala Ward, cur i láthair ar ár bPlean Straitéiseach le tuiscint níos fearr a chothú ar an gcuspóir a bhíonn leis an bpleanáil straitéiseach i dtaca le cearta an linbh a bhaint amach, agus le cabhrú leis an gCasacstáin sainmhíniú a thabhairt ar ról an Choimisinéara Náisiúnta um Chearta an Linbh sa tír sin, de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta. Bhuaileamar le leanaí, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le státseirbhísigh d'fhonn ár gcuid saineolais ar shaol leanaí a athrú chun feabhais trí shaothar ár n-oifige a chomhroinnt leo.

Teagmháil le hinstitiúidí Eorpacha agus le institiúidí de Chomhairle na hEorpa:

Comhairle na hEorpa

Bhuail an tOmbudsman do Leanaí le Coimisinéir Chomhairleoir na hEorpa um Chearta an Duine, an tUas. Nils Muižnieks agus lena chuid comhairleoirí ar an 22 Samhain 2016. I measc na n-ábhar a ndearadh plé orthu tá an córas soláthair dhírig, bochtaineacht i measc leanaí agus leanaí gan dídean. Bhí béim láidir ar an Lucht Siúil a aithint go foirmeálta mar mhionghrúpa eitneach.

Foilseofar an tuairisc ar an gcuairt seo ar Éirinn in 2017.

An Coimisiún Eorpach

D'fhreastail an an tOmbudsman do Leanaí ar chruinniú déthaobhach leis an Stiúrthóir Comhionannais in Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais den Coimisiún Eorpach, Salla Saastamoinen, maidir leis an Straitéis Náisiúnta Cuimsiúcháin maidir leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh ar an 17 Deireadh Fómhair 2016. Luadh forbairtí dearfacha amhail an t-athbhreithniú a leanann ar aghaidh ar an Straitéis, agus leithdháiltí a rinneadh ar an Straitéis, mar aon leis an bhforáil a rinneadh do chóiríocht don Lucht Siúil i gCáinainéis 2017. D'aibhsíomar arís ag an gcruinniú sin nach bhfuil moladh Choiste na Náisiún Aontaithe i leith Fáil Réidh le hidirdhealú Ciníoch ná meicníochtaí idirnáisiúnta monatóireachta ceart eile curtha i bhfeidhm ag Éirinn go fóill leis an Lucht Siúil a aithint mar ghrúpa eitneach. Rinneamar tagairt don chaoi a bhfuil aitheanta ag an Rialtas in Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasáí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga go mbíonn torthaí sláinte agus oideachais níos measa i gcás leanaí den Lucht Siúil. Leagtar amach sa chreatlach polasaí sin roinnt spriocanna sa réimse sin, lena n-áirítear an aidhm le dul i ngleic le míchothromaíochtaí i dtorthaí sláinte agus bearta don chuimsiú sóisialta a neartú le hiarrachtaí a athspreagadh chun torthaí oideachais a fheabhsú i gcás leanaí den Lucht Siúil.

4.8. Teagmháil le hAirí Rialtais

Mar a luadh thuas, tionóladh cruinniú de cheannasaithe Líonra Briotanach agus Éireannach na nOmbudsman agus na gCoimisinéirí do Leanaí inár n-oifig ar an 21 Eanáir 2016. D'fhreastail an t-iar-Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Dr. James Reilly, ar chuid den chruinniú sin le plé a dhéanamh ar an leasú maidir le cáineadh réasúnta.

Bhuail an tOmbudsman do Leanaí agus an Ceannasaí Rannpháirtíochta agus Oideachais leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald, ar an 3 Feabhra 2016 maidir le téarmaí tagartha Oifig an Ombudsman do Leanaí i dtaca leis an gCóras Soláthair Dhírigh.

Bhuail an tOmbudsman do Leanaí, an Ceannasaí Beartais agus an Stiúrthóir Imscrúduithe leis an Aire Sláinte, Simon Harris, ar an 13 Meitheamh 2016 le plé a dhéanamh ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga, chomh maith le seirbhísí do leanaí atá faoi mhíchumas.

Bhuail an tOmbudsman do Leanaí, an Ceannasaí Rannpháirtíochta agus Oideachais, agus an Stiúrthóir Imscrúduithe leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone, ar an 19 Iúil 2016 lenár dtosaíochtaí a leagan amach agus le béim a leagan ar ábhair b'údar imní.

Bhuail an tOmbudsman do Leanaí leis an Aire Stáit um Meabhairshláinte agus Daoine Breacaosta, Helen McEntee, ar an 29 Meán Fómhair 2016 le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain le cúrsaí meabhairshláinte i measc leanaí agus daoine óga.

4.9. Ábhair Eile

Soláthar Díreach

Go hiondúil cuirtear cóiríocht ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint in Éirinn, lena n-áirítear leanaí a chónaíonn lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí, in ionaid cóiríochta phríobháideacha nó stáit faoi chonradh leis an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha. Tugtar córas Soláthar Díreach air seo go hiondúil. Tá oibriúchán an chóras um Sholáthar Díreach tar éis a bheith ina ábhar cáinte mór go leor ar bhonn meicníochtaí monatóireachta cearta daonna náisiúnta agus idirnáisiúnta de dheasca an mhéid ama a mbíonn iarratasóirí ina gcónaí sna hionaid seo, easpa nós imeachta neamhspleách um ghearáin, na liúntas a íoctar le hiarrthóirí tearmainn idir dhaoine fásta agus leanaí, chomh maith leis na háiseanna neamhleoracha do leanaí agus bearta um chosaint leanaí.

Séanadh deiseanna ar iarratasóirí ar chosaint stáit, leanaí san áireamh, chun gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí faoi sholáthar seirbhísí ag an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha trí mheán ionad cóiríochta Soláthar Díreach. Tharla seo mar gheall gur thuig rialtas i ndiaidh rialtais an chóras um Sholáthar Díreach mar chuid d'eisiamh atá in Alt 11(e) d'Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, a chuireann bac ar an Ombudsman do Leanaí ó aon iniúchadh a dhéanamh ar ghearan "a thógtar i riarachán an dlí a bhaineann le tearmann, inimirce, eadóirseacht nó saoránacht". D'áitigh muid i gcónaí go dtiteann leithdháileadh na cóiríochta a chuireann an stát ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a bhíonn ag lorg cosaint idirnáisiúnta lasmuigh den eisiamh seo mar nach bhfuil aon bhaint aige le riarachán an dlí maidir le hiarratasóirí tearmainn nó cosanta; is próiseas ar leith ar fad é sin.

Tá an-imní ar an Ombudsman do Leanaí le blianta fada gur séanadh ar leanaí agus ar dhaoine óga rochtain ar ár nósanna imeachta maidir le gearáin a dhéanamh faoi riarachán an chórais Soláthar Díreach ag an nGníomhaireacht Fáiltithe agus Imeasctha ar fud na tíre. Creideann an tOmbudsman do Leanaí, ar bhonn prionsabail, gur chóir go mbeadh an rochtain céanna ag leanaí agus ag daoine óga i Soláthar Díreach ar an tseirbhís neamhspleách, neamhchlaonta um láimhseáil gearán a chuireann Oifig an Ombudsman do Leanaí ar fáil agus a bhíonn ag leanaí eile sa Stát.

Moladh i dtuarascáil Grúpa Oibre Tuairisciú don Rialtas ar Fheabhsúcháin ar an bPróiseas um Chosaint, lena n-áirítear Soláthar Díreach agus Tacaíochtaí do lucht iarrtha tearmainn, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2015 gur chóir go mbeadh rochtain ag leanaí i Soláthar Díreach ar an Ombudsman do Leanaí. Ba chóir go n-áireodh sé seo gearáin a bhaineann le seirbhísí a sholáthraítear

do chónaitheoirí in ionaid chóiríochta, chomh maith le cinntí aistrithe tar éis sáraithe ar Rialacha an Tí.

I mí Feabhra 2016, d'fháiltigh an tOmbudsman do Leanaí roimh thiomantas an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn prionsabail, ligean do dhaoine a chónaíonn i gcóiríocht Soláthar Díreach, a gcuid gearán maidir le soláthar na seirbhísí seo a bheith á n-íniúchadh ar bhonn neamhspleach ag Oifig an Ombudsman do Leanaí. I mí na Nollag, 2016, ag cruinniú le hOifig an Ombudsman, sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, insíodh dúinn go bhféadfadh daoine a chónaíonn i gcóiríocht Soláthar Díreach teacht ar sheirbhísí gearáin agus ar imscrúduithe sa dá oifig Ombudsman.

Ó bhí an cruinniú seo againn, tá tús curtha againn le hobair chun feachtas a ardú maidir lenár seirbhís gearán agus iniúchtaí le príomhpháirtithe leasmhara go díreach, lena n-áirítear leanaí agus a dteaghlaigh, stát seirbhísigh sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, bainistíocht ionaid agus baill foirne agus eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad sa réimse seo. Tá muid ag súil le bheith ag glacadh le gearáin ó leanaí agus faoi leanaí i Soláthar Díreach go luath sa bhliain 2017.



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

Follow

Ag óstáil sheimineár Lónra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí. Ag déanamh plé ar chothroime rochtana ar an oideachas. #oco #enoc



RETWEETS
4

LIKES
9



7:58 AM - 7 Jun 2016



OmbudsmanForChildren
@OCO_ireland

Follow

Lámh curtha le Meabhrán Tuisceana le @HIQA chun comhar cuí a chur chun cinn ar leas leanaí.




RETWEETS
19

LIKES
19



4:31 AM - 24 Oct 2016





Caibidil 5: Acmhainní agus Cumarsáid

5.1. Rialú Airgeadais

Leithdháiltear buiséad an Ombudsman do Leanaí tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba é €2.154m. leithroinnt airgeadais Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Mar atá leagtha síos in Ailt 17(1) agus (2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbheart na hOifige a chinntiú.

San áireamh i measc na bhfreagrachtaí atá mar fhothaca ag na feidhmeanna seo tá údarú agus monatóireacht ar íocaíochtaí d'earraí agus do sheirbhísí, nósanna imeachta tairisceana, oibríocht párolla, agus bailiúchán tuairisceán míosúla.

Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-íniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh ar chuntais 2016 le linn an tSamhraidh 2017. Chomh luath agus a bhíonn sé faofa ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, foilsítear iad ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí chomh maith le cuntais bhliantúla na mblianta ar fad suas go dtí 2015 agus tá siad ar fáil ag www.oco.ie.

Ba iad Cuntasóirí Cairde Crowleys DFK a sholáthraigh seirbhísí cuntasóireachta don Oifig le linn 2016.

5.2. Meáin agus Cumarsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí

Rinneadh obair shuntasach le linn 2016 chun ár gcuid dualgas faoi Alt 7 den Acht a chomhlíonadh. San áireamh i measc na dtiomantas tá cur chun cinn cearta agus leas leanaí; cur chun cinn feasachta maidir le cearta leanaí agus feasacht a ardú maidir le hobair Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Imeachtaí Suntasacha:

I mí Eanáir na bliana 2016, tháinig Stát na hÉireann os comhair Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh sa Ghinéiv agus foireann ó Oifig an Ombudsman do Leanaí san áireamh ann. Bhí an tOmbudsman do Leanaí, Dr Niall Muldoon, i láthair chun féachaint ar na himeachtaí. Mar thoradh ar an imeacht seo bhí roinnt teagmhála ann leis na meáin agus ailt dá réir ar ardáin éagsúla cumarsáide.

I mí Feabhra, rinne muid óstáil ar chruinniú le Lónra na Breataine agus na hÉireann d'Ombudsman agus Choimisinéirí Leanaí agus d'fhreastail an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an tráth sin, an Dr. James Reilly, ar an gcruinniú sin le plé a dhéanamh ar an gcúlra a bhaineann le fáil réidh le cosaint an cháinte réasúnta i gcás ionsaithe ar leanaí.

Foilseacháin:

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh muid an tuarascáil, Freastal Réasúnta um Scrúduithe Teastais: Gearáin chuig an Ombudsman do Leanaí. Sa tuarascáil seo tugadh forléargas ar na gearáin a rinneadh chuig an Oifig seo maidir le tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad ag tabhairt faoi scrúduithe stáit. Bhí clúdach forleathan sna meáin ar fhoilsiú na tuarascála seo, go náisiúnta agus go háitiúil.

I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí ár bPlean Straitéiseach 2016-2018 áit ar leag muid amach fíis shoiléir agus trí chuspóir shoiléire don chéad trí bliana eile amach romhainn. Chomh maith leis na hoibleagáidí reachtúla atá orainn, beidh tionchar ag na cuspóirí seo ar obair na foirne cumarsáide a fhad leis an mbliain 2018 agus lena linn. Taobh le seoladh an Phlean Straitéisigh, rinne muid óstáil ar chomhchomhairle páirtithe leasmhara chun cumarsáid a dhéanamh leo maidir lenár bpleananna agus chun ionchur a fháil uathu siúd maidir cur chun feidhme ár gcuid cuspóirí. Tháinig muid os comhair Choiste an Oireachtais ar Leanaí agus Ghnóthaí Óige freisin chun mionsonraí ár bPlean a leagan amach rompu.

I mí na Samhna d'fhoilsigh muid, Oideachas i bhFócas, bailiúchán de ghearáin faoi oideachas a fuair muid le dornán blianta anuas. Tarraingíonn sé seo aird ar an tionchar láithreach agus fadtéarmach a bhain le hobair na foirne ag Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Saincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí:

Rinne an tOmbudsman do Leanaí tagairt do roinnt rudaí i 2016 a bhí ag imirt tionchair ar chearta leanaí in Éirinn.

Rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí ionchur in Atógáil Éireann, an straitéis náisiúnta tithíochta. Níl na tithe Leaba agus Bricfeasta ná cóiríocht óstáin oiriúnach chun tacú le gnáthshaol teaghlach. Tá éifeacht dhíréireach ag an ngéarchéim thithíochta ar leanaí. Is ábhar tromchúiseach é d'aon duine bheith fágtha gan dídean i gcóiríocht mhí-oiriúnach, ach do leanaí, is é seo an rud a dhéanann idirdhealú idir iad féin agus lucht a gcomhaoisigh agus is féidir leis seo cailliúint mhór a bhaint de thréimhse shuntasach dá n-óige. Fuarthas clúdachfor leathan sna meáin ar an ionchur a bhí againne sa pholasáil seo.

Tháinig athruithe ar pholasaithe oideachais agus ar an reachtaíocht sa bhliain 2016. D'fháiltigh muid roimh chur chun feidhme chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta agus rinne muid ráiteas ar mholtaí i leith Ombudsman don Oideachas.

Rinne muid cáineadh ar an gcleachtas a bhfuiltear ag leanúint leis de bheith ag glacadh le daoine óga isteach in aonaid um shláinte meabhrach do dhaoine fásta. D'fháiltigh an Oifig roimh an Tascfhórsa Nua Náisiúnta ar Shláinte Meabhrach na nÓg, ach bhí sí ag iarraidh go soláthrófaí plan gníomhaíochta mionsonraithe agus spriocdhírthe.

I Meán Fómhair 2016 thug muid ráiteas ar theist an Rialtais maidir le comhlíonadh a thiomantais i leith glacadh le mionaoisigh gan tionlacan. Mar gheall air seo rinneadh clúdach ar an oifig sna meáin.

D'fháiltigh muid roimh thabhairt isteach an tSamhail nua Cead isteach agus lonchuimsiú do leanaí réamhscoile le héagumais. Tá cur chuige leanbhíarnach ag an Scéim seo a mhol muid i go leor dár gcuid iniúchtaí.

Cruinnithe leis an Aire/Gnóthaí Poiblí:

Le linn na bliana, bhuail muid le roinnt Airí Rialtais chun plé a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le leanaí agus daoine óga. San áireamh anseo bhí cruinniú leis an Aire Dlí, Francis Fitzgerald, áit a ndearna sí tiomantas ar bhonn prionsabail ag deimhniú ár sainchúraim chun glacadh le gearáin ó leanaí sa Soláthar Díreach. Rinneadh go leor clúdach ar an gceist seo ag an am a ndearnadh an tiomantas, agus le linn na bliana freisin nuair a cheistigh muid an mhoill a bhain le dul chun cinn a dhéanamh ar an gceist seo.

Bhuail muid leis an Aire Sláinte, Simon Harris, leis an Aire Stáit um Meabhairshláinte agus Daoine Breacaosta, Helen McEntee, agus leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Katherine Zappone.

Ócáidí Poiblí an Ombudsman:

Thug an tOmbudsman spreagaithisc agus óráidí ag iliomad imeacht le linn na bliana. Bhí éagsúlacht ábhair i gceist ag na himeachtaí seo ón gcleachtas aisiríoch go ceisteanna um meabhairshláinte, cainteanna le múinteoirí, le gairmithe cúram sláinte, le leanaí agus le teaghlaigh atá gan dídean, agus daoine eile. Ag na himeachtaí seo ar fad, thug an tOmbudsman do Leanaí breac-chuntas ar obair na hoifige, ar an tábhacht a bhaineann lenár ndualgais maidir le cearta leanaí a chomhlíonadh, agus an tábhacht a bhaineann le bheith ag éisteacht le tuairimí leanaí ag gach leibhéal den tsochaí agus den riarachán.

Tugadh cuireadh d'Oifig an Ombudsman do Leanaí, agus Nuala Ward, Stiúrthóir Iniúchtaí a bhí mar ionadaí don oifig, agus thaistil sí go Kazakhstan chun dul i gcomhairle leis an Oifig nua Ombudsman do Leanaí.

Cur chun cinn Oifig an Ombudsman:

Den chéad uair, rinne foireann Oifig an Ombudsman do leanaí taispeántán ag Craobhchomórtais Náisiúnta Treafa i 2016 áit a ndearna muid plé le os cionn 2,000 leanaí agus daoine óga thar na trí lá. Bhuail muid freisin le i bhfad níos mó tuismitheoirí, múinteoirí agus gairmithe cúram sláinte. Ba dheis iontach a bhí ann chun obair na hoifige a chur chun cinn agus chun eolas a thabhairt do bhaill den phobal maidir le cearta leanaí.

Sa bhliain 2016 rinne muid óstáil ar imeacht um meabhairshláinte, LetItGlow, treoraithe ag daoine óga, do dhaoine óga. Dhírigh an tionscamh seo ar chur in iúl faoin gcaoi a motháíonn daoine óga

faoi cheisteanna meabhairshláinte trí mheán ceoil, amhráin agus an fhocail labhartha.

Dhá bhliain déag tar éis bhunú na hOifige, thosaigh Oifig an Ombudsman do leanaí próiseas athbhrandála. Tabharfar seo chun críche i 2017.

Chonaic Oifig an Ombudsman do Leanaí preab sna meáin shóisialta agus sna gníomhaíochtaí ar líne i 2016. Is réimse é seo atá spriocdhírthe le haghaidh tuilleadh fáis sa bhliain 2017.



5.3. Acmhainní Daonna

Bhí roinnt athruithe suntasacha foirne ann in Oifig an Ombudsman do Leanaí le linn 2016, agus líonadh go leor post folamh lena linn. Thosaigh Ceannasaí nua Polasaí i mí Feabhra, agus ansin Ceannasaí nua Cumarsáide, i mí Bealtaine. Ceapadh Bainisteoir nua Cásoibre i mí Feabhra, agus thosaigh beirt oibrithe cásanna leithleacha nua linn i rith na bliana. I Seirbhísí Corparáideacha, thosaigh Ceannasaí nua ar Sheirbhísí Corparáideacha i mí na Nollag. Tá 14 ball foirne lán-aimseartha againn anois a thugann muid ar aon dul leis an soláthar foirne leithroinnte don bhliain 2010. Uaidh sin ar aghaidh tá méadú 47% tar éis teacht ar líon na ngearán, chomh maith le méadú sa ghníomhaíocht sna haonaid Oideachais agus Rannpháirtíochta agus sna haonaid Polasaí. Tá na pleananna faoi réir chun cur leis an bhfoireann oibre i 2017.

Sa bhliain 2016 thosaigh muid an próiseas freisin de bheith ag cur iarratas isteach ar cheadúnas earcaíochta a cheadóidh dúinn earcaíocht a dhéanamh do na rólanna an-speisialaithe atá againn. Tá súil againn go dtiocfaidh an ceadúnas chugainn sa chéad leath de 2017.

5.4. Teach na Mílaoise - úsáid an fhoirgnimh


Chomh maith le ceardlanna oideachais cearta daonna do ghrúpaí leanaí agus daoine óga ar cuairt, lean Oifig an Ombudsman do Leanaí leis an gclár den chineál céanna do mhic léinn iarchéime. Leanann Oifig an Ombudsman do Leanaí de bheith ag cur áiseanna Theach na Mílaoise ar fáil mar ionad le haghaidh imeachtaí cuí dírithe ar chearta agus leas leanaí agus daoine óga. Áirítear sna háiseanna seo spás oscailte do ghrúpa móra, chomh maith le seomra pictiúrlainne.

5.6. Forléargas ar Úsáid Fuinnimh i 2016

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha éifeacht do Threoir 2006/32/EC de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an 5 Aibreán 2006 agus rinne sé na 'Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Críoch-úsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh 2009 (I.R. 542 de 2009)'. Éilíonn na Rialacháin seo ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ó mhí Eanáir 2011 ar a n-úsáid fuinnimh agus ar ghníomhaíochtaí atá glactha acu chun tomhaltas fuinnimh a laghdú.

Sa bhliain 2016, d'úsáid muid 78.706 meigeavatuair leictreachais i gcomparáid le 65.475 meigeavatuair i 2015. Déantar monatóireacht ar úsáid fuinnimh ar bhonn leanúnach. Leanaimid linn ag oibriú córas cuimsitheach inmheánach ar athchúrsáil.





Oifig an Ombudsman do Leanai
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
🐦 @OCO_ireland